

Plean Gnó

20 25



Ábhair

Réamhrá	4
Faoin bPlean Seo	5
Caibidil 1: Príomhghníomhaíochtaí 2025	8
Caibidil 2: An Creat Airgeadais	21
Caibidil 3: Lucht Saothair Tusla	25
Aguisín 1: Príomhspríocanna agus Bearta Feidhmíochta 2025	28
Aguisín 2: Creat Airgeadais (Forlíontach)	31
Aguisín 3: Próifíl Foirne	46
Aguisín 4: Gluais Téarmaí	48

Réamhrá

Thar ceann Bhord agus Fheidhmeannach na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach, tá áthas orainn an Plean Gnó le haghaidh 2025 a chur ar fáil.

Ullmhaítear an Plean Gnó seo i gcomhréir le hAlt 46 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach 2013 agus faoi threoir an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (CEDIY).

Rachaidh an Gníomhaireacht ar aghaidh, leis an bplean seo, tríd an dara bhliain dár bPlean Corparáideach 2024-2026, agus leagtar amach ann na príomhghníomhaíochtaí a dtabharfaimid fúthu chun leanúint ar aghaidh le feidhmiú na sé chuspóir straitéiseacha atá leagtha amach inár bPlean Corparáideach.

Tá ár bhfócas fós ar athchóiriú ár **gCleachtas**, ár **gCultúr** agus ár **Struchtúr** trí Chlár Comhtháite Athchóirithe Tusla. Cuireann ár dtrí phríomhcholún - Daoine, Cleachtadh agus Muinín an Phobail - leis an athchóiriú sin a chumasú, i gcomhréir le Tosaíochtaí Aireachta.

Leagtar amach sa phlean céard a dhéanfaimid in 2025, léiríonn na 115 gníomh agus sprioc uailmhianacha raon leathan feidhmeanna reachtúla atá ann in obair na Gníomhaireachta.

Táimid go hiomlán tiomanta dár bhfreagracht phoiblí, agus le leanúint ar aghaidh leis an dul chun cinn atá déanta sna 12 mhí seo, chun freagracht níos fearr a thabhairt do riachtanais leanaí, dhaoine óga, theaghlach agus dhaoine fásta a mbíonn ag úsáid ár seirbhísí.

Tá dúshlán fós ag an nGníomhaireacht sa lá atá inniu agus éilimh ar ár seirbhísí ag dul i méid as cuimse. Táimid tiomanta chun gach rud is féidir linn a dhéanamh, le tacaíocht ónár mBord, ón Aire agus comhghleacaithe na Roinne CEDIY, ón Aire agus comhghleacaithe na Roinne Oideachais, faoi réir na hacmhainní atá ar fáil dúinn, chun freagairt ar na héilimh sin.

Is mór an phribhléid dúinn ár lucht saothair tiomanta, acmhainneach agus shofhreagrúil a threorú, agus a bheith ag obair i gcomhpháirt lenár gcomhpháirtithe maoinithe iomadúla, agus gníomhaireachtaí stát eile. Tá a fhios againn lena dtacaíocht agus lena rannpháirtíocht, agus an cur chuige comhtháite i leith seachadadh seirbhísí, go mbainfimid amach ár dtiomantais de réir mar a leagadh amach sa Phlean Gnó 2025 seo.



Pat Rabbitte

Pat Rabbitte
An Cathaoirleach,
Bord Tusla



Kate Duggan

Kate Duggan
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin, Tusla

Faoi bPlean Seo

Réamhrá

I g**Caibidil 1** sonraítear na gníomhaíochtaí ar leith a thabharfar faoi in 2025 ag an nGníomhaireacht. Tá na gníomhaíochtaí sin faoi threoir agus faoi thosaíochtaí an Aire CEDiY, an Aire Oideachais (mar a bhaineann lenár Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS) agus an tSeirbhís um Oideachas Malartach agus Clárúchán (AEARS)), chomh maith lenár ngealltanais reachtaíochta agus beartais. Trí na gníomhaíochtaí sin a chur i bhfeidhm, cuirfidh siad le dul chun cinn ár gcuspóirí agus ár sainréimsí feabhsúcháin agus forbartha mar atá leagtha amach inár bPlean Corparáideach 2024–2026, le príomhfhócas ar ár gClár Comhtháite Athchóirithe Tusla. Chomh maith leis na gníomhaíochtaí a leagtar amach i g**Caibidil 1**, mar chuid d'obair laethúil, tá tiomantas ar Tusla maidir lena chuid seirbhísí a sheachadadh agus a neartú ar bhonn leanúnach maidir le tacaíocht leanúnach leanaí agus theaghlach.

Sonraítear i g**Caibidil 2** an creat airgeadais ina n-oibreoidh Tusla in 2025 i gcomhthéacs an chistithe foriomláin a leithdháilfear ar an nGníomhaireacht. Leagaimid amach anseo an cistiú a leithdháileadh ar thionscnaimh tosaíochta in 2025, agus na rioscaí airgeadais atá os comhair na Gníomhaireachta á n-aithint againn ag an am céanna. Sonraítear sa chaibidil sin freisin an plean caiteachais chaipitiúil, an rialachas airgeadais, an tuairisciú airgeadais, tionchar na mbrúnna costais 2024 agus na brúnna costais a mheastar a bheidh ann in 2025.

Déantar cur síos i g**Caibidil 1** ar Lucht Saothair Tusla, agus na huailmhianta de réir mar a leagadh amach sa Straitéis Daoine agus Athraithe le haghaidh 2025. Sonraítear sa chaibidil sin na tionscnaimh a thugaimid fúthu chun ár lucht saothair a mhealladh, a choinneáil agus a fhorbairt, déanfar iad a chumasú chun an cúram agus seirbhísí ar an gcaighdeán is airde a sholáthar dóibh siúd atá ag brath orthu.

Tá an plean seo, mar aon le Plean Corparáideach 2024–2026, ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag www.tusla.ie/publications.

Ár gCuspóir agus ár Misean

“Tacú le forbairt, leas, oideachas agus cosaint leanaí agus daoine óga agus iad a chur chun cinn, feidhmiú éifeachtach teaghlach agus cúram leanúnach do dhaoine fásta a úsáideann ár seirbhísí”.

Ár bhFís

“Ag leanaí, daoine óga, teaghlaigh agus úsáideoirí seirbhíse aosach rochtain thráthúil agus chothrom ar sheirbhísí comhtháite a fhágann gur féidir torthaí dearfacha a bhaint amach, seirbhísí a bhfuil muinín an phobail astu, a mbraitheann an fhoireann gur tacaíocht dóibh iad agus go bhfuil iontaobh acu iontu”.

Ár 3 Phríomhcholún

Daoine

Lucht saothair ilghnéitheach cumasach a mhealladh, a choinneáil agus a fhás agus cultúr dearfach a chur chun cinn ionas gur féidir lenár ndaoine freagairt go héifeachtach d'úsáideoirí seirbhíse, tacaíocht a fháil agus a bheith bródúil as ár seirbhísí agus as an nGníomhaireacht.



Cleachtadh

Seirbhísí a dhearadh, a sheachadadh agus a rialú lena chinntiú go bhfuil siad tráthúil, cothrom, comhtháite, agus comhsheasmhach, agus freastal ar riachtanais na ndaoine a úsáideann iad.



Muinín an Phobail

Chun a chinntiú go gcomhlíonann na seirbhísí a sholáthraímid na caighdeáin a bhfuil ár n-úsáideoirí seirbhíse ina dteideal, agus go bhfuil siad comhlíontach, ar ardchaighdeán, trédhearcach agus infheicthe ar fud pobal, d'fhonn muinín agus muinín an phobail i Tusla a chur chun cinn.



Ár Luachanna



Iontaoibh



Meas




Cineáltas



Cumhachtú

Cuspóirí an Phlean Corparáidigh 2024–2026

I gcomhréir lenár 3 cholún de **Dhaoine, Cleachtadh** agus **Muinín an Phobail**, treoraíonn ár 6 chuspóir straitéiseacha ár ngníomhaíochtaí tríd an dara bhliain den Phlean Corparáideach.



Sa Phlean Gnó tá gníomhaíochtaí ar leith do gach aon cheann de na cuspóirí sin, agus déanfaimid tomhas agus monatóireacht ar dhul chun cinn an plean sin in aghaidh ár mbearta feidhmíochta sainmhínithe in Aguisín 1.

Caibidil 1:

Príomhghníomhaíochtaí 2025

Baineann na gníomhaíochtaí seo a leanas le sé chuspóir na Gníomhaireachta, lena dtreoraítear ár ngníomhaíochtaí ar bhonn bliantúil. Trí na gníomhaíochtaí sin, déanfaimid dul chun cinn ar Thosaíochtaí Aireachta (MPanna), ar fheidhmiú ár gClár Athchóirithe agus ar ár bpríomhfheidhmeanna reachtúla. Sonraítear ár bpríomhspricanna/bearta feidhmíochta 2025 in Aguisín 1 den phlean seo.

Cuspóir 1: Earcaíocht agus coinneáil lucht saothair ildisciplínigh a neartú chun freastal níos fearr ar riachtanais úsáideoirí seirbhíse agus chun timpeallacht níos tacúla a chur ar fáil don fhoireann.

Tag	Gníomh	Spríoc
1.1	MP2 Dul chun cinn a dhéanamh ar chuspóirí Fhóram Gach Fostóra ar son Oibre Sóisialta le súil soláthar Oibrithe Sóisialta a mhéadú faoi dhó roimh 2026.	R3
1.2	MP2 Méid na bpost Oibre Sóisialta/Cúraim Sóisialta a mhéadú 3% trí urraíochtaí, trí sparánachtaí, trí phrintíseachtaí i gcomhoibriú leis an bPríomhoibrí Sóisialta.	R2
1.3	MP2 An córas náisiúnta comhordaithe socrúcháin mac léinn a chur i bhfeidhm, trí Oifig an Phríomhoibrí Sóisialta, chun a áirithiú go mbíonn 95% de chéimithe ag filleadh ar an nGníomhaireacht i ndiaidh cáilíochta.	R4
1.4	MP2 An Cúrsa Cleachtais Múinteoirí Tusla a sheachadadh do Mhúinteoirí Cleachtais nua chun líon na socrúcháin a thairiscítear a mhéadú agus chun scileanna teagaisc, ceannaireacht agus faisnéis foirne a chothú.	R1
1.5	MP2 Ár gclár earcaíochta céimithe a fheabhsú/a chuíchóiriú chun 90% de chéimithe a earcú.	R2
1.6	MP2 Cur chun tosaigh leanúnach na ndeiseanna Cúraim Speisialta ag imeachtaí seachtracha earcaíochta agus lainseáil chlár lá oscailte earcaíochta Tusla 2025 laistigh d'Aonaid Chúraim Speisialta.	R4
1.7	MP2 Cur leis an idirghabháil a bhí ag Tusla le forais oideachasúla agus chomhpháirtithe triú-pháirtí eile ar mhaithe le feachtas céime cúraim sóisialta a lainseáil lena mealltar céimithe chuig deiseanna Cúraim Speisialta.	R3
1.8	MP2/4 An Creat Ceannaireachta Inniúlachta Tusla a dhaingniú trínar gcuirtear oiliúint agus forbairt cheannaireachta ar fáil chun an Clár Athchóirithe Tusla a chumasú, ag tabhairt oiliúna do 10% sa bhreis don fhoireann in 2025.	R4

1.9	Fóram Cúraim Sóisialta do Gach Fostóir a threorú chun Clár Printíseachta Oibre Sóisialta a sheachadadh in 2025.	R3
1.10	Cuirfidh an Fhoireann Chomhpháirte na Forbartha Eagraíochta (OD) tacaíocht forbartha ar fáil do 30 Líonra in 2025, ag seachadadh clár oibre agus tacaíochtaí cóitseála/meantóireachta foirne comhtháite.	R2
1.11	Suirbhé faoin fhoireann/cultúr iomlán a chur i gcrích le rannpháirtíocht ó 50% den fhoireann.	R2
1.12	Cóitseáil agus meantóireacht ar fáil do 100% den fhoireann i gcomhréir le Straitéis Dhaoine Tusla.	R1
1.13	Líonra Tusla um an Athrú i bhfeidhm i ngach ceann de na 30 Líonra i gcomhréir le Straitéis Dhaoine Tusla.	R2
1.14	Scileanna idirghabhála ar fáil do 100% den fhoireann thar 30 Líonra.	R3
1.15	Leanúint ar aghaidh ag obair le TFC chun foirmeacha agus próisis AD a dhigitiú agus a chumasú.	R4
1.16	Córais agus réitigh ábhartha TF a fhiosrú chun tacú le hobair shofhreagrúil agus an spás oibre/oifige a uasmhéadú i gcomhréir leis an bPolasaí Obair Chumaisc agus Straitéis Náisiúnta Eastát.	R2

Cuspóir 2: A chinntiú go tacaítear leis an bhfoireann, go bhfuil siad meallta ina ról agus go bhfuil an cumas acu tabhairt faoina ról, an Clár Athchóirithe a chur i bhfeidhm agus freastal níos fearr ar riachtanais úsáideoirí seirbhíse.		
Tag	Gníomh	Sprioc
2.1	MP1-8 Cur chun feidhme chóras Bainistithe Cásanna Tusla (TCM) do na seirbhísí atá fágtha i gcomhréir leis an gclár Claochlaithe Dhigitigh Tusla 3-bliana.	R4
2.2	MP1-8 An chéad ghlúin eile den Tairseach Tusla a chur i bhfeidhm chun doras tosaigh nua digiteach a chur ar fáil d'atreoraithe/aighneachtaí dár gcuid seirbhísí (Clár Claochlaithe Dhigitigh Tusla 3-bliana).	R4
2.3	MP1-8 Na pointí lánpháirtíochta idir seirbhísí Cosanta Leanaí agus Cúraim Mhalarataigh a dhigitiú ar an TCM (réitigh dhigiteacha comhtháite ag tacú le seachadadh seirbhísí comhtháite - Clár Claochlaithe Dhigitigh Tusla 3-bliana).	R4
2.4	MP2/4 Díriú ar Eispéireas Fostaithe, agus córais agus próisis AD a fhorbairt chun méadú 1% i gcoinneáil foirne a bhaint amach.	R2
2.5	MP2/4 Leanúint ar aghaidh le clár Seisiún Éisteachta leis an bhFoireann Comhpháirte OD ar fud na sé réigiún agus seirbhísí náisiúnta i gcomhréir leis an gClár Athchóirithe.	R3
2.6	MP2/6/8 Leanúint leis an gCuspóir chun suíomh oibre nua-aimseartha le cumas digiteach a chur chun cinn. In 2025, dul chun cinn go 50% den sprioc iomlán chun na foirmeacha agus próisis chorparáideacha agus seirbhísí náisiúnta atá fós de lámh a dhigitiú (Clár Claochlaithe Dhigitigh Tusla 3-bliana).	R4
2.7	MP6 Trealamh cumarsáide nua TFC a chur i bhfeidhm i 50 oifig Tusla ar a laghad chun cáilíocht agus slándáil a fheabhsú mar chuid den chlár 3-bliana ina gclúdaítear gach oifig go náisiúnta.	R4
2.8	MP6 Bonneagar nua cianrochtana TFC a chur i bhfeidhm chun slándáil a fheabhsú a thuilleadh don fhoireann i leith oibre soghluaiseachta agus cianoibre.	R4
2.9	MP6 Clár TFC a sheachadadh chun slándáil ár mbonneagar Freastalaithe a nuachóiriú agus a fheabhsú a thuilleadh.	R4
2.10	MP6 An plean bonneagair néil TFC 2025 a sheachadadh, lena n-áirítear feidhmiú an chórais nua guthán comhtháite néalbhunaithe TFC.	R4

2.11	MP6 An plean seachadadh seirbhíse TFC 2025 a sheachadadh, lena n-áirítear clár athnuachana teicneolaíochta ar na ríomhairí glúine go léir (90% mar sprioc in 2025) agus feidhmiú an réitigh deaisce freastail nua agus nua-aimseartha le féinseirbhís agus uathobriú feabhsaithe.	R4
2.12	MP6/8 Polasaí agus nósanna imeachta a fhorbairt maidir le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn lena n-áirítear deiseanna agus rioscaí a bhaineann le húsáid fhéideartha intleachta saorga (Clár Claochlaithe Dhigitigh Tusla 3-bliana).	R4
2.13	MP6/8 Tionscadal píolótach a sheachadadh ar úsáid teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn i dtacú le seachadadh seirbhísí Tusla (Clár Claochlaithe Dhigitigh Tusla 3-bliana).	R4
2.14	MP8 Leanúint ar aghaidh le digitiú an Rialacháin maidir le Seirbhísí Leanaí (CSR) le sprioc 50% den tseirbhís i bhfeidhm go ceann dheireadh 2025 (Clár Claochlaithe Dhigitigh Tusla 3-bliana).	R4
2.15	Córas Bainistíochta Feidhmíochta TFC cumasaithe a chur i bhfeidhm do 100% den fhoireann i dtrí Réigiún.	R3
2.16	Clár Gradam Sármhaitheasa agus Nuálaíochta ar fud na sé Réigiún agus Seirbhísí Náisiúnta a sheachadadh.	R4



Cuspóir 3: A chinntiú go bhfuil ár seirbhísí struchtúrtha agus á sheachadadh chun freagraí comhsheasmhacha, ar ardchaighdeán agus comhtháite dóibh siúd a bhaineann úsáid astu.

Tag	Gníomh	Sprioc
3.1	^{MP1} Plean Náisiúnta agus Pleananna Réigiúnacha 2025 a lainseáil (R1) agus a sheachadadh (R4) i leith earcaíocht cúramóirí altrama i gcomhréir le Plean Straitéiseach Tusla um Chúram Altrama (2022–2025).	R4
3.2	^{MP1} Athbhreithniú ar an bpiolót piarthacaíochta do chúramóirí altrama nua agus ar lú a dtaithí chun cur le leathnú amach anseo.	R1
3.3	^{MP1} Liúntas socrúcháin tosaigh nua do chúram altrama a chur i bhfeidhm do shocrúcháin chúraim altrama nua (Plean Straitéiseach Tusla um Chúram Altrama (2022–2025)).	R1
3.4	^{MP1} Scéim ráta míleáiste nua a chur i bhfeidhm do chúramóirí altrama faoi réir comhaontú leis an Roinn CEDiY (DCEDiY) (Plean Straitéiseach Tusla um Chúram Altrama (2022–2025)).	R4
3.5	^{MP1} Naoi n-ionad breise a oscailt le méadú 34 leaba (Plean Straitéiseach Tusla um Chúram Cónaithe (2022–2025)) lena n-áirítear: • trí ionad breise i R1 • ceithre ionad breise i R2 • dhá ionad breise i R3	R4
3.6	^{MP3} Soláthar seirbhísí teiripe ag an leibhéal réigiúnach a fheabhsú i gcomhréir leis an gClár Athchóirithe.	R4
3.7	^{MP3} Mar chuid de thiomantas Tusla maidir le Cosc agus Luath-idirghabháil, leanfaidh Tusla le neartú, daingniú agus tacú le Cosc, Comhpháirtíocht agus Tacaíocht Teaghlaigh (PPFS) i gcomhthéacs an Chláir Athchóirithe.	R4
3.8	^{MP3} Gníomhaíochtaí 2025 de Straitéis Tacaíochta Tuismitheoireachta Tusla 2022–2027 a chur chun feidhme, lena n-áirítear bunú Moil Tuismitheoireachta amháin i ngach ceann de na sé réigiún Tusla.	R4
3.9	^{MP3} Tacú le tionscadal geo-mhapála tacaíochtaí tuismitheoireachta faoin bPlean Cur Chun Feidhme na Samhla Tacaíochta do Thuismitheoirí.	R1
3.10	^{MP3} 30 Comhairleoir Tacaíochtaí Tuismitheoireachta cistithe ag Ciste Sóisialta na hEorpa (ESF+) a earcú in 2025 i gcomhréir le Plean Cur Chun Feidhme na Samhla Tacaíochta do Thuismitheoirí.	R4

3.11	^{MP3} An t-athbhreithniú ar Mheitheal (samhail cleachtais náisiúnta le haghaidh na luath-idirghabhála, faoi stiúir Tusla) a thabhairt chun críche (R1) agus moltaí an athbhreithnithe a chur chun feidhme i gcomhréir leis an gClár Athchóirithe. (R4)	R4
3.12	^{MP3} Leathnú ar an gClár Cuairte Baile a phleanáil agus a chur ar fáil le haghaidh suas le sé Réigiún Tusla sa bhreis i gcomhréir leis an mbuiséad cuairte baile a leithdháiltear.	R4
3.13	^{MP4} Tuairisc ar Bhealaí Cóiríochta d'Fhágáilithe Cúraim a thabhairt chun críche agus a lainseáil, ina n-áirítear moltaí agus tionscnaimh chun bealaí cóiríochta a mhéadú do dhaoine fásta óga atá ag fágáil cóiríochta (Plean Straitéiseach Tusla um Chúram Cónaithe (2022-2025)).	R1
3.14	^{MP4} A chinntiú go mbeidh Plean Iarchúraim ag gach duine óg incháilithe atá in iarchúram nuair a bhaineann siad 18 mbliana d'aois amach i gcomhréir le Plean Straitéiseach Tusla le haghaidh an Iarchúraim (2023-2026).	R4
3.15	^{MP4} A chinntiú go mbíonn oibrí iarchúraim sannta do dhaoine óga agus daoine fásta óga atá incháilithe d'oibrí iarchúraim (Plean Straitéiseach Tusla le haghaidh an Iarchúraim (2023-2026)).	R4
3.16	^{MP4} An t-athbhreithniú eatramhach ar Straitéisí Cúraim Mhalartaigh Tusla a chur chun críche.	R1
3.17	^{MP4} Leanfaidh Tusla leis ag freagra do dhúshlán sa chumas cúraim speisialta trí leanúint ag díriú ar earcú foirne sa bhreis chuig Cúram Speisialta trí fheachtais earcaíochta spriocdhírithe.	R4
3.18	^{MP4} Déanfaidh Tusla leathnú ar rolladh amach tionscnaimh maidir le Foréigean, Ciapadh agus Ionsaitheacht (VHA) ar fud na trí láithreán cúraim speisialta go léir chun slándáil shíceolaíoch agus fhisiciúil foirne a fheabhsú níos fearr i gcomhar le tionscnaimh VHA ar leith mar a sonraítear i nGníomhaíochtaí 6.4 agus 6.5.	R4
3.19	^{MP4} Beidh Tusla ag obair le DCEDIY ar fheidhmiú aon athrú reachtaíochta ó Athbhreithniú ar an Acht um Chúram Leanaí de réir creata dhlíthiúil agus rialála atá cuí.	R4
3.20	^{MP4} Cuirfidh Tusla Plean Gníomhaíochta Cúraim Speisialta i bhfeidhm (moltaí an ghrúpa seachtaraigh san áireamh) mar fhreagra do na dúshlán i gcumas cúraim speisialta.	R4
3.21	^{MP4} Déanfaidh Tusla comhoibriú le príomhpháirtithe leasmhara chun moltaí an ghrúpa seachtaraigh ar Chúraim Speisialta a chur i bhfeidhm.	R4

3.22	^{MP4} Múnla cúraim nua a chur i bhfeidhm do Leanaí Scartha a bhfuil Cosaint Idirnáisiúnta á lorg acu (SCSIP).	R2
3.23	^{MP4} Maoirseacht, cinnteacht agus monatóireacht bhreise ar sheirbhísí cónaithe, seirbhísí SCSIP agus Socruithe Speisialta Éigeandála (SEAnna) a chur ar fáil.	R4
3.24	^{MP5} Seirbhís Ionadaíochta a choimisiúnú chun tacú le Mionaoisigh Neamhthionlactha (UAManna) agus SCSIP agus a n-iarratais ar Chosaint Idirnáisiúnta á dhéanamh acu.	R4
3.25	^{MP5} 40 áit chónaithe sa bhreis a chur in áit do UAManna agus SCSIP, lena n-áirítear: • dhá ionad iontógála éigeandála cláraithe nua (20 leaba). (R3) • aonad amháin idirthréimhseach le Seirbhísí Cóiríochta Cosanta Idirnáisiúnta (IPAS) do dhaoine óga a bhfuil incháilitheacht iarchúraim acu. (R2) • aonad cláraithe amháin do dhaoine óga agus incháilitheacht faoi bhun acu. (R1)	R3
3.26	^{MP6} Tús a chur le hathstruchtúrú an sé réigiún agus seirbhísí roinnte mar aon le hiompú iomlán ó 17 Ceantar go 30 Líonra ag teacht leis an gClár Athchóirithe, agus ag an am céanna an Líonra Tacaíochta Leanaí agus Teaghlaigh (CFSN) agus baill foirne ghaolmhara a choinneáil agus a neartú i gcomhréir leis an gClár Athchóirithe.	R4
3.27	^{MP6} Tús a chur le feidhmiú an Phlean Feidhmíochta Soláthair Seirbhíse Chomhtháite Áitiúil (arna sceidealú le faomhadh i bhFeabhra 2025).	R4
3.28	^{MP6} Mar thoradh ar an Athbhreithniú ar an Acht um Chúram Leanaí, 1991, próiseas grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chur i bhfeidhm do sholáthróirí cláraithe rialála luathbhlianta.	R1
3.29	^{MP6} Tacaíocht a thabhairt don Stiúrtóireacht Daoine agus Athruithe le forbairt próiseas uile-Tusla chun tabhairt faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána mar chuid de leasuithe de thoradh Athbhreithniú an Achta um Chúram Leanaí 1991.	R4
3.30	^{MP6} Cáipéisíocht agus treoir curtha ar fáil ar shuíomh gréasáin na Stiúrtóireachta Luathbhlianta (EYI) mar a bhaineann le ceanglas reachtaíochta Luathbhlianta.	R2
3.31	^{MP7} Céim II Leathnú Barnahus Theas a chur i bhfeidhm chun Port Láirge agus Tiobraid Árann Theas a áirithiú i gcomhréir le Plean an Ghrúpa Idir-Rannaigh Barnahus.	R1

3.32	^{MP7} Measúnú ar Barnahus Thiar a chur i gcrích faoi Phlean an Ghrúpa Idir-Rannaigh Barnahus.	R1
3.33	^{MP7} Plean a fhorbairt do Tusla bunaithe ar na moltaí idirghníomhaireachta de thoradh thuairiscí Chomhairle na hEorpa le bheith foilsithe in 2025 maidir le Cumarsáid, Méadú de réir Scála, Cosaint Sonraí agus Oiliúint i gcomhréir le Plean an Ghrúpa Idir-Rannaigh Barnahus.	R4
3.34	^{MP8} Spriocanna insoláthartha 2025 Thionscadal na nEispéireas Cúraim (CEP) a chomhordú, faoi threoir na DCEDIY trí rannpháirtíocht leis na struchtúir rialachais tionscadail.	R4
3.35	^{MP8} Páirt a ghlacadh in dá ghrúpa oibre atá á bhunú ag an DCEDIY le haghaidh forbairt Creata Cáilíochta Aonair agus Stiúrthóireachta Aonair agus le haghaidh cúraim luathfhoghlama, cúraim aois scoile agus feighlíochta leanaí.	R4



Cuspóir 4: Comhtháthú seirbhíse a neartú go himmheánach agus go seachtrach chun freastal ar riachtanais na n-úsáideoirí seirbhíse i mbealach níos fearr.		
Tag	Gníomh	Sprioc
4.1	MP ³ Na tiomantais 2025 a chur chun cinn sa phlean gníomhaíochtaí comhaontaithe mar fhreagra ar an Athbhreithniú Caiteachais ar Sheirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh arna gCistiú ag Tusla.	R4
4.2	MP ³ Próiseas a chomhaontú chun an clár Ionaid Acmhainne Teaghlaigh (FRC) a leathnú leis an DCEDIY (R2) agus chun an clár leathnaithe a chur i gcrích i gcomhréir leis an mbuiséad a leithdháilfear.	R4
4.3	MP ³ Páirt a ghlacadh i bpleananna d'fhorbairt fhoriomlán an Choiste Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CYPSC) trí fhorbairt agus feidhmiú suas le ceithre (faoi réir acmhainní) Phlean Ceantair Áitiúla phíolótacha maidir le Bochtaineacht Leanaí i gceantair CYPSC faoi Phlean Gníomhaíochta na hÉireann um Ráthaíocht AE do Leanaí.	R4
4.4	MP ³ Rannpháirtíocht i bpleananna d'fhorbairt fhoriomlán na CYPSC trí earcaíocht/ceapachán 27 Oibrí Tacaíochta Tionscadail CYPSC Grád V (iomlán ó Chéim 1 agus 2) de choibhéis lánaimseartha (CL) a chur i gcrích.	R4
4.5	MP ³ Rannpháirtíocht i bpleananna d'fhorbairt fhoriomlán na CYPSC trí oibriú i dteannta leis an DCEDIY agus CYPSC chun aimsithe 'an tAthbhreithniú CYPSC' a phlé agus aon mholadh chun feidhmithe a aithint faoi réir acmhainní.	R4
4.6	MP ³ Rannpháirtíocht leis an DCEDIY agus CYPSC i bhforbairt polasaí comharba don Fhís Chomhroinnte, Na Chéad Chéimeanna Eile.	R4
4.7	MP ^{4/6} Tá Tusla tiomanta ar rannpháirtíocht leanúnach leis an DCEDIY maidir le hathchóiriú agus forbairt dlí agus polasaí in 2025 – i.e. An Bille um Chúram Leanaí (Leasú) 2025, Seirbhís Náisiúnta Chaomhnóirí ad litem (GAL), Feachtas Thús Áite do Leanaí, Cúram Gaoil, agus straitéis Éire Óg.	R4
4.8	MP ⁵ Na comhphrótacail seo a leanas a lainseáil agus a chur i bhfeidhm i gcomhpháirt: • Cuid 12 Prótacal. • Prótacal i leith Leanaí ar Iarraidh faoi Chúram. • Prótacal Sainagallóireachta	R2
4.9	MP ⁷ Cabhrú i gcomhpháirtíocht leis an DCEDIY chun athbhreithniú ar an Acht um Fhaisnéis agus Rianú Breithe (BIT) 2022 a chur i gcrích.	R4
4.10	MP ⁸ An t-athbhreithniú ar Phrótacal Oibre Comhpháirteach Thús Áite do Leanaí (2017) de chuid an Gharda Síochána (AGS)/Tusla a chur i gcrích.	R2

4.11	^{MP8} An Comhaontú Comhroinnte Sonraí a lainseáil agus a chur chun feidhme i gcomhpháirtíocht (Prótacal Oibre Comhpháirteach Thús Áite do Leanaí de chuid AGS/Tusla).	R4
4.12	^{MP8} Leanúint le laghdú ar amanna feithimh le haghaidh iarratas rianaithe.	R4
4.13	Prótacal Comhpháirteach do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil riachtanais chasta acu Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)/Tusla athbhreithnithe a chur i bhfeidhm.	R4
4.14	Plean Tusla maidir le hathbhreithniú agus leathnú soláthair seirbhíse TESS a chur chun cinn i ndiaidh fhoilsiú Athbhreithniú na Eagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh (DEIS) trí rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara a dhéanamh faoi athbhreithniú an ECFE a foilsíodh.	R1
4.15	Leanúint ar aghaidh le tionscadal foghlama piara ECFE ag dul ar aghaidh ó phlean Tusla i leith athbhreithniú agus leathnú soláthair seirbhíse TESS.	R1
4.16	Straitéis sonraí a fhorbairt i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais, ECFE, an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) agus an Líonra Idirnáisiúnta do Thinreamh Scoile (INSA) mar thaca faoi fhorbairt polasaithe agus cleachtais ag dul ar aghaidh ó phlean Tusla i leith athbhreithniú agus leathnú soláthair seirbhíse TESS.	R3
4.17	Plean straitéiseach TESS a sheachadadh chun tinreamh, rannpháirtíocht agus coinneáil Taistealaithe agus Roma a fheabhsú faoin Straitéis Oideachais do Phobal an Lucht Siúil agus na Romach (TRES) trí mheán fhoireann TESS/TRES a earcú.	R1
4.18	Plean straitéiseach TESS a sheachadadh chun tinreamh, rannpháirtíocht agus coinneáil Taistealaithe agus Roma a fheabhsú faoin TRES trí mheán rannpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara ar an bplean straitéiseach.	R1
4.19	Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar thuairisciú faoin Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach 2 (NTRIS II) i gcomhréir le plean straitéiseach TESS chun tinreamh, rannpháirtíocht agus coinneáil Taistealaithe agus Roma a fheabhsú faoin TRES.	R3
4.20	Cód Iompair a fhoilsiú chun an dara bhliain de phlean gníomhaíochta cúig-bliana TESS chun tinreamh scoile a fheabhsú a chur ar aghaidh.	R1
4.21	Feachtas náisiúnta feasachta faoi thinreamh scoile a lainseáil chun an dara bhliain de phlean gníomhaíochta cúig-bliana TESS chun tinreamh scoile a fheabhsú a chur ar aghaidh.	R3
4.22	An fhoirm iarratais ar líne R1 a chur chun cinn mar chuid den Ionstraim Reachtuil (SI) nualeasaithe chun leanúint ar aghaidh le feabhsú struchtúr rialála in AEARS.	R2
4.23	Creat rialachais AEARS a dhoiciméadú le ról agus freagraíochtaí ábhartha.	R3

Cuspóir 5: Infheictheacht sheirbhísí Tusla a neartú i bpobail ar fud Éireann agus muinín a chothú inár seirbhísí.

Tag	Gníomh	Sprioc
5.1	MP8 Straitéis a fhorbairt a thiocfaidh i gcomharbacht ar Straitéis Aonad Comhlíontachta an Ráitis um Chosaint Leanai (CSSCU) 2018–2023 trí: - Athbhreithniú ar Straitéis Chomharbais CSSCU 2018–2023. (R1) - Críochnú de Straitéis Chomharbais CSSCU agus tús dá fheidhmiú. (R2)	R2
5.2	Feidhmiú 'Treoracha maidir le hAitheantas Cistithe Tusla' ag gach gníomhaireacht atá cistithe ag Tusla.	R1
5.3	Tús a chur le feidhmiú Straitéis Chumarsáide Tusla 2025–2026.	R1

Cuspóir 6: Leanúint ar aghaidh le daoine, próisis agus córais éifeachtacha a bheith ann chun ár gceanglais reachtúla agus rialála a bhaint amach agus chun cultúr maidir le feabhsúchán leanúnach seirbhíse a dhaingniú.

Tag	Gníomh	Sprioc
6.1	MP1–6 Na gníomhaíochtaí cáilíochta sonraí 2025 a sheachadadh faoin gClár Bainistíochta Sonraí 3-bliana.	R4
6.2	MP1–6 Na gníomhaíochtaí anailísíochta agus éirim ghnó 2025 a sheachadadh faoin gClár Bainistíochta Sonraí 3-bliana.	R4
6.3	MP4 Comhlíontacht 100% leanúnach a chinntiú i leith thuairisciú teagmhas intuiriscithe an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta (HSA).	R4
6.4	MP4 Seachadadh leanúnach de phacáiste oiliúna speisialta agus spriocdhírthe sa VHA do ghrúpaí rannóga in Tusla.	R4
6.5	MP4 Torthaí moltaí maidir le faighneoga nua sábháilteachta sna haonaid chúraim speisialta a chur chun feidhme.	R4
6.6	MP6 Na gníomhaíochtaí maidir le slándáil faisnéise (lena n-áirítear cibearshlándáil) 2025 a sheachadadh faoin gClár Bainistíochta Sonraí 3-bliana. Áirítear leis seo deimhniúchán Shlándáil Faisnéise ISO 27001 a bhaint amach.	R4

6.7	^{MP6} Feidhmiú maidir le cumhachtaí forfheidhmithe luathbhlianta leathnaithe ag teacht ón Athbhreithniú ar an Acht um Chúram Leanaí.	R4
6.8	^{MP6-8} Seirbhís chartlainne lárnach nua do chomhaid ar pár a chur ar fáil i gcomhréir le gníomhaíochtaí Bainistíochta Taifead 2025 an chláir Bainistíochta Sonraí 3-bliana.	R4
6.9	^{MP6-8} Córas doiciméid leictreonaigh a chur i bhfeidhm do chomhaid chorparáideacha agus comhaid nach mbaineann le cásanna faoi ghníomhaíochtaí Bainistíochta Taifead 2025 an chláir Bainistíochta Sonraí 3-bliana.	R4
6.10	^{MP6-8} Digitiú agus innéacsú na dtaifid stairiúla a bhaineann le huchtú atá ann fós mar chuid de ghníomhaíochtaí Bainistíochta Taifead 2025 an chláir Bainistíochta Sonraí 3-bliana.	R4
6.11	^{MP6-8} Togra nuashonraithe agus ceanglais bhuiséid a fhorbairt do thionscnaimh eile ar féidir a chur chun cinn chun gníomhaíochtaí Tuairiscithe Ryan a bhaineann le taifid (Gníomhaíochtaí 75 agus 76) a chur chun cinn maidir le taifid faoinár smacht.	R4
6.12	^{MP8} Tacú le feidhmiú agus athrú bainistíochta i dtaobh dhigitiú na seirbhísí in CSR, lena n-áirítear feighlíocht leanaí.	R4
6.13	Gníomhaíochtaí 2025 i Straitéis Thaighde Tusla a chur i bhfeidhm.	R4
6.14	Oiliúint éigeantach le bheith á thairiscint do 100% fostaithe chun feasacht a mhéadú ar ár n-oibleagáidí faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta Daonna agus measúnú leanúnach ar chumas ár seirbhísí chun comhionannas a chur chun cinn, cearta daonna a chosaint agus deireadh a chur le hidirdhealú.	R4
6.15	Treochlár maidir le feidhmiú Córais Bainistíochta Cáilíochta (QMS) ag teacht le ISO 9001:2015 a thabhairt chun críche.	R4
6.16	Clár foghlama digiteach a bhunú trí ríomhfhoghlaim, oiliúint fhíorúil agus acmhainní eile arna bhainistiú trí HSeLanD a bhaineann le rialachas airgeadais áitiúil agus smachtaí inmheánacha a neartú faoin Athchóiriú Struchtúir i gcomhpháirt le Foghlaim agus Forbairt Lucht Saothair (WLD).	R4
6.17	Plean Soláthair Chorporáidigh na Gníomhaireachta 2025–2027 a fhoilsiú.	R2
6.18	Measúnuithe Tionchair ar Phróiseáil Sonraí (DPIAnna) comhlánaithe ag Úinéirí Faisnéise le tacaíocht ón Aonad um Chosaint Sonraí (DPU) do gach athrú nua do phróiseas agus córas polasaithe nuair is gá agus déantar tosaíocht i leith comhlánaithe.	R4

6.19	Comhaontuithe comhroinnte sonraí tríú-pháirtí i bhfeidhm ag Úinéirí Faisnéise agus Conartha le tacaíocht ón DPU nuair is faisnéis phearsanta a chomhroinntear le tríú-pháirtí nua sular comhroinntear í. Leanúint le feidhmiú Measúnuithe Príobháideachais Sonraí (DPAnna) ar thríú-pháirtithe trí: • An polasaí DPA arna leasú, próiseas agus nós imeachta, agus bearta teicneolaíocha agus eagraíochtúla a chur chun críche, agus an t-íosmhéid de riachtanais smachta i gcomhairle le TFC. • Úinéirí Faisnéise (Stiúrthóirí Náisiúnta) agus na ceannairí a tharmligtear chun seirbhís agus/nó feidhm a sheachadadh chun treorú ar fheidhmiú socruithe Comhroinnte Tríú-Pháirtí le tacaíocht ón DPU.	R4
6.20	Plean Caipitil 2025 a fhaomhadh ag DCEDIY/An Bord.	R1
6.21	Plean Gníomhaithe Aeráide d'Eastáit a fhorbairt.	R4
6.22	Bearta toraidh ar Chreat Torthaí Tusla a fhorbairt agus a chomhaontú i gcomhréir leis an gClár Athchóirithe.	R4

Caibidil 2: An Creat Airgeadais

Achoimre

Leagtar amach sa chaibidil seo an creat airgeadais ina n-oibreoidh an Gníomhaireacht in 2025. Leagtar amach chomh maith na tionscnaimh ar a tugadh tosaíocht dóibh in 2025, an plean caiteachais caipitil agus na rioscaí airgeadais atá os comhair na Gníomhaireachta in 2025.

Is é €1,255.713m cinneadh oll-neamhchaipitil na Gníomhaireachta le haghaidh 2025 (lena n-áirítear €59.762m ón Roinn Oideachais). Déanfar é sin a chistiú i bpáirt le leithreasú measta €18.871m in ioncam cabhrach ó asbhaintí aoisliúntais agus pinsin. Dá bhrí sin, is é €1,236.842m cinneadh glan-neamhchaipitil na Gníomhaireachta le haghaidh 2025.

Déanfaidh an Gníomhaireacht deamhairroiseacht ar bhainistiú an leithdháilte chun a áirithiú go mbeidh an riosca is lú is féidir ann maidir le róchaiteachas in 2025. Fuair Tusla leithdháileadh forlíontach de €80.66m in 2024, de bharr shéirbhísí faoi thionchar an éilimh: Leanaí Scartha €29m, Costais mhíchumais inchurtha le FSS €13m, costais GAL dírithe ag an gCúirt €5m, agus costais chúraim phríomhshrutha de €34m.

Bunaithe ar na treochtaí reatha atá ann agus dualgas reachtúil Tusla chun seirbhísí a sholáthar do Leanaí Scartha mar aon le cúram príomhshrutha, nílimid ag tnúth le haon laghdú san éileamh ar na seirbhísí sin in 2025, mar thoradh air sin beidh brú leanúnach ar chloí leis an mbuiséad. Rachaidh Tusla i gcomhairle leis an Aire agus le hoifigigh na Roinne chun teacht ar chomhaontú maidir le haon bheart chun gníomh ceartaitheach a dhéanamh maidir le comhlíonadh oibleagáidí reachtúla agus moltaí seachadta seirbhíse.

In 2024, bhain an Gníomhaireacht amach teorannuithe costais de €28m, lena gcothófar in 2025. Anuas air sin, táimid ag spriocdhíriú ar teorannuithe nua costais de €23m in 2025 as a dtiocfadh sochair charnacha iomlán de circa €51m faoi dheireadh 2025 in ainneoin timpeallacht dhúshlánach na seirbhísí sin.

Plean Buiséid 2025 agus Cistiú Seirbhísí Réamh-Mheasta

Fuair an Ghníomhaireacht €132.686m breise de chistiú (nach n-áirítear caipiteal) le haghaidh 2025 faoin bpríomh-Fhotheideal A3 (€75.153m) agus E4 SCSIP (€57.533m) ón DCEDIY, agus forbraítear an Plean Gnó ar an mbonn go seachadfar seirbhísí laistigh den imchlúdach airgid a bheidh ar fáil in 2025. Tarraingíonn an Ghníomhaireacht aird, áfach, ar an méadú atá tagtha ar líon na leanaí atá ag teacht faoi chúram a dteastaíonn seirbhísí ardchostais ina leith, rud a leanfaidh le dúshlán shuntasacha a chruthú maidir le seachadadh an Phlean Gnó laistigh den leithdháileadh le haghaidh 2025. Leanfaidh Tusla agus rialuithe dochta a chur chun feidhme d'fhonn a leithdháileadh a bhainistiú go héifeachtach.

Tá an Plean Buiséid le haghaidh 2025 le cistiú (lánaithe go dtí an milliún is gaire) a chur ar fáil sna príomhréimsí seo a leanas:

- Leithdháilfear €23m chun aghaidh a thabhairt ar na heasnamh faoi thionchar an éilimh ag rolladh ar aghaidh ó 2024. Baineann sé seo le costas bliana iomlán de thionscnaimh ar cuireadh tús leo in 2024 nó le teagmhais róchaithimh reatha nár íocadh leis an gcistiú breise in 2024. Baineann sé le réimse an tSoláthair Cónaithe Phríobháidigh go príomha.
- Leithdháilfear €36m i gcoinne réimsí soláthair seirbhíse reatha, sa chás go bhfuil méaduithe costais comhaontaithe nó nach féidir iad a sheachaint, lena n-áirítear €10m i leith rátaí méadaithe cúraim altrama, €13m i leith duaiseanna pá comhaontaithe leis an gceardchumann, agus an t-iarhmhéid ag dul chuig fás costais pinsin agus méaduithe idirbheartaithe féideartha Chuid 56 an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC).
- Leithdháiltear €17m breise in aghaidh tosaíochtaí eile in 2025, lena n-áirítear cásanna neamh-leithdháilte, Bainisteoirí Líonra nua, aonaid chónaithe reachtúla breise, Cúram Speisialta, tacaíochtaí cúraim altrama agus tograí éagsúla lena n-áirítear leathnú FRC, Barnahus, CYPSC, Cigireacht Cúraim Mhalartaigh agus Seirbhís Monatóireachta (ACIMS) agus Córais Dearbhaithe Cleachtais agus Feidhmíochta (PAPS).
- Leithdháileadh €57m breise faoi Fhotheideal E4 agus úsáidfear é sin i leith SCSIP seachas an Úcráin.
- Táthar ag tnúth le cistiú sa bhreis de €4.4m ón Roinn Oideachais i leith TESS, Clár Críochnaithe Scolaíochta (SCP) agus AEARS, ag tabhairt an leithdháileadh iomlán ó €55.4m in 2024 go €59.8m in 2025. Déantar €1.4m den leithdháileadh 2025 a chistiú faoin gclár cistithe Cuntais Dhíomhaoin.
- Ar fhoinsí eile cistiúcháin faoi fhotheidil éagsúla, amhail C5 CYPSC, FRC, Ciste Sóisialta na hEorpa (CSTE) agus Tacaíocht Teaghlaigh, C9 Cuairtíocht Bhaile, agus B8 cistiú Cuntais Dhíomhaoin, agus leithdháileadh €5.3m breise in 2025.
- D'fhan an fotheideal B5 Luathbhlianta gan athrú ag €11m le haghaidh 2025.
- Leithdháileadh an cistiú céanna mar a bhí in 2024 de €31.5m in 2025 faoi Fhotheideal E5 le haghaidh tacaíochtaí leanúnacha dóibh siúd atá ar a dteitheadh ón gcogadh san Úcráin.

Tá achoimre den mhéid thuas leagtha amach i dTábla 1.

Tábla 1: Leithdháileadh tásach ar chistiú 2025 de réir fotheidil

	A3 Príomhfh- cheannteid eal DCEDIY	B05 (Luathb hlíanta)	Fo- cheannteid il eile (C5, C9, B8)	E4 (Coisant Idirnáisiúnta)	E5 An Úcráin	Vóta 26 Roinn Oideachais	Leithdháile adh lomlán Tusla 2024
	€m	€m	€m	€m	€m	€m	€m
Pá	400.532	9.649	0.000	6.147	4.618	18.752	439.698
Pinsin	25.445						25.445
Pá lomlán	425.977	9.649	0.000	6.147	4.618	18.752	465.143
Cúram Altrama	148.556	0.000	0.030	0.000	0.000	0.000	148.586
Cúram Cónaitheach	225.097	0.000	0.020	64.386	0.000	0.000	289.503
Cúram Speisialta	2.278	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	2.278
Iarchúram	23.319	0.000	0.917	0.000	0.000	0.000	24.236
Cosaint agus Leas Leanaí	1.247	0.000	0.520	0.000	0.000	0.000	1.767
Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh	147.691	0.000	12.455	0.000	0.000	0.000	160.146
Faisnéis, Rianú Breithe agus Uchtú	2.503	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	2.503
Costais Dlí (Seachas Costais Caomhnóir ad lite)	17.204	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	17.204
GAL & Costais Dlí GAL	15.998	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	15.998
Costais Riaracháin	41.933	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	41.933
Neamhphá eile	16.998	0.000	0.060	0.000	0.000	0.000	17.058
Foireann Cigireacht Luathbhlianta	0.000	1.468	0.000	0.000	0.000	0.000	1.468
TESS agus AEARS	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	41.010	41.010
Tacaíochtaí na hÚcráine	0.000	0.000	0.000	0.000	26.880	0.000	26.880
Neamhphá lomlán	642.824	1,468	14.002	64.386	26.880	41.010	790.570
lomlán faoi láthair	1,068.801	11.117	14.002	70.533	31.498	59.762	1,255.713
Caipiteal	28.750	0.000	0.000	0.000	0.000	0.000	28.750
lomlán faoi láthair agus Caipiteal	1,097.551	11.117	14.002	70.533	31.498	59.762	1,284.463
2024 Leithdháileadh	1,011.148	11.116	8.686	13.000	31.498	55.384	1,130.832
Méadú in 2025	86.403	0.001	5.316	57.533	0.000	4.378	153.631

*Tá sonraí faoin gCreat Airgeadais le haghaidh 2025 in **Aguisín 2.***

Próifíliú Airgeadais agus Tuairisciú

Rinne Tusla infheistíocht d'acmhainní suntasacha i bhforbairt próiseas tuairiscithe feabhsaithe in 2024, a thug léargas níos fearr agus tráthúlacht faisnéise d'úsáideoirí. Leanfaimid linn ag obair le grúpa páirtithe leasmhara in 2025 chun tuilleadh feabhsuithe a aithint agus a chur i bhfeidhm.

Leanfaidh Tusla leis ag tuairisciú ar chaiteachas in aghaidh an bhuiséid agus an tsreabhaidh airgid i rith 2025. Cuirfidh Tusla próifíl bhuiséid 2025, arna mhiondealú de réir míosa, faoi bhráid na DCEDIY, i gcomhréir leis an leibhéal ceadaithe caiteachais, ina sonraítear ollchaiteachas, leithreasuithe i gcabhair agus ioncam eile.

In 2025, leanfar d'aird ar leith a thabhairt ar an scaradh idir próifílí pá agus próifílí neamhphá, lena n-áirítear riachtanais foirne shealadacha a shainaithint (costais ghníomhaireachta) laistigh de na próifílí. Déanfar obair mhionsonraithe chun meastachán cruinn a ríomh ar an gcaiteachas/na híostarraingtí a tharlaíonn faoin dá chatagóir, i leith uainithe agus tiomantas.

In 2025, leanfaidh Tusla agus tuairiscí míosúla a chur ar fáil don DCEDIY ina leagtar amach an caiteachas go dtí seo. Sna tuarascálacha sin leagfar béim ar athraithis sa phróifíl ó thús bliana agus aithneofar brúnna costais atá ag teacht chun cinn. Cuirfear ar fáil freisin mórinsint ina leagfar amach an comhthéacs agus an míniú ar aon athraitheas ó phróifílí airgid. Tá Tusla ag leanúint den obair feabhsúcháin ar thuairisciú airgeadais chun críche níos mó gráinneachta a sholáthar maidir le miondealú ar chaiteachas deontas de réir chineál na seirbhíse a chuirtear ar fáil.

Cuirfidh Tusla próifíl bhuiséadach mhíosúil faoi bhráid na Roinne Oideachais le haghaidh 2025 maidir leis an gcistiú €59.762m le haghaidh TESS, SCP agus AEARS agus tabharfaidh sé tuairisc mhíosúil ar chaiteachas go dtí seo.

Chuir Tusla Córas Comhtháite Bainistíochta Airgeadais FSS (IFMS) chun feidhme in 2023 i gcomhréir le straitéis na Roinne Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (DPENDR). Chuir saincheisteanna feidhmithe moill ar sheachadadh gnéithe áirithe, lena n-áirítear tuairisciú, agus leanfar le feabhsúcháin feidhmíochta a sheachadadh le linn 2025.

Caiteachas Caipitiúil 2025

Is é €28.75m an leithdháileadh 2025 le haghaidh caiteachas caipitiúil, méadú €11.25m ar an leithdháileadh €17.5m in 2024. Tá sonraí an chaiteachais chaipitiúil beartaithe san áireamh in Aguisín 2.

Caibidil 3:

Lucht Saothair Tusla

Achoimre

Leagtar amach sa chaibidil seo na tosaíochtaí le haghaidh Dhaoine agus an tAthrú Tusla lena n-ionchorpraítear cuspóirí na Straitéise Pobail agus tá sí ag teacht go hiomlán leis na ceanglais atá curtha in iúl sa Ráiteas Feidhmíochta, agus na tosaíochtaí ardleibhéil le haghaidh na Gníomhaireachta in 2025.

Straitéis Dhaoine Tusla

Cuirfear Straitéis Dhaoine Tusla 2025-2027 chun feidhme trí chuspóirí an Phlean Gnó 2025. Is é ár dtiomantas soiléir páirt a thabhairt dár lucht saothair, iad a fhorbairt agus luach a chur orthu chun an cúram agus na seirbhísí is fearr is féidir a sholáthar do na daoine a bhíonn ag brath orthu. Tá a fhios againn freisin ón bhfianaise faoi fhoireann a mbíonn ardmheas orthu, a fhaigheann tacaíocht ina bhforbairt agus a gcaitear go maith leo, go gcuireann siad feabhas ar sheirbhísí agus ar an bhfeidhmíocht fhoriomlán.

Is í an fhoireann Daoine agus an Athraithe a dhéanfaidh cuid mhaith de na gníomhaíochtaí a bhfuil cur síos orthu sa Straitéis a stiúradh, a éascú agus a thacú, trí oibriú i gcomhpháirtíocht le comhghleacaithe ar fud na Gníomhaireachta chun tacú le seachadadh na dTosaíochtaí Aireachta. Oibreoidh an Stiúrtóireacht Dhaoine agus an Athraithe mar chumasóir don athchóiriú Tusla níos leithne le díriú ar chleachtas, ar struchtúr agus ar chultúr. Tá an fhoireann go léir freagrach as ceannaireacht fheabhsaithe agus bainistíocht daoine, le tacaíocht ó Acadamh Forbartha Ceannaireachta agus Bainistíochta Tusla.

Trí oibriú le chéile ar chur chun feidhme Plean Gnó Tusla, leanfaimid den athchóiriú ar ár seirbhísí agus de chumasú na foirne maidir le bród agus muinín a bheith acu as ár gcumas barr feabhais a sholáthar do leanaí agus do theaghlaigh inár bpobail.

I measc na bpríomhthosaíochtaí straitéiseacha tá seo a leanas:

Áit Iontach le bheith ag Obair a Fhorbairt

Is é ár n-uailmhian in 2025 go mbeadh daoine bródúil as a bheith ag obair in Tusla agus go bhfanfaidís linn chun a ngairm bheatha a fhorbairt. Leanfaimid linn den Ghníomhaireacht a chur chun cinn mar rogha fostóra a mheallann tallann nua agus a chuireann tionscnaimh chun feidhme chun fostaithe reatha a choinneáil. Leanfaimid linn de dheiseanna a chruthú dár gcomhghleacaithe go léir chun fóram a bheith ann chun aiseolas a chur ar fáil.

Ar bhonn aiseolais chainníochtúil a fuarthas i suirbhé tionscnaimh Tusla ar Rannpháirtíocht Fostaithe, agus aiseolas cáilíochtúil a fuarthas i seisiúin Éisteachta agus Pleanála a thionóltar ar fud na heagraíochta, déantar príomhthionscnaimh rannpháirtíochta fostaithe a fhorbairt lena gcur chun feidhme sna 12 mhí amach romhainn. Bainfidh na tionscnaimh sin go sonrach le téamaí luachanna agus aitheantais, sláinte agus folláine, an rún maidir le fanacht, abhcóideacht fostaithe agus iompraíocht ceannaireachta. Oibreoidh Foireann Comhpháirtíochta OD go gníomhach ar fud na Gníomhaireachta chun tacú le feidhmiú agus seachadadh agus chun áit oibre ardfheidhmíochta a chinntiú.

Pleanáil don Todhchaí

Tacaíonn rannpháirtíocht trasearnála le cur chuige náisiúnta maidir le pleanáil straitéiseach don lucht saothair ar mhaithe le hinbhuanaitheacht an chórais cúraim shóisialta. Tá Tusla ag obair i gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara príobháideacha agus poiblí agus le soláthróirí oideachais chun Líonra Pleanála Fórsa Oibre éifeachtach a fhorbairt chun cur ar ár gcumas cur chuige níos fadtéarmaí a ghlacadh maidir le pleanáil/soláthar lucht saothair in Éirinn.

Tá a lán gnéithe ag baint le héagsúlacht na saincheistanna a bhaineann le hobair shóisialta agus cúram sóisialta agus ní réiteach amháin a bhíonn ann. Chuir Tusla Fóram Gach Fostóir (Obair Shóisialta & Cúram Sóisialta) ar bun chun plean a fhorbairt don lucht saothair oibre sóisialta agus cúraim shóisialta le pleanáil trí fhreagra chomhordaithe.

In 2025, leanfaidh Tusla ag treorú agus ag tacú le hobair Fóraim Gach Fostóir chun soláthar oibre sóisialta/cúraim shóisialta a mhéadú trí mheán urraíochtaí, sparánachtaí agus printíseachtaí i gcomhar le páirtithe leasmhara.

Ár bPobal a Earcú

In 2025, leanfaimid de chlár feabhsaithe bliantúil imeachtaí a neartú chun ár lucht saothair amach anseo a mhealladh agus chun Tusla a chur chun cinn mar ionad breá oibre, áit ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh. Déanfar athbhreithniú leanúnach ar phróisis earcaíochta chun éifeachtacht agus freagrúlacht a chinntiú chun freastal ar ár riachtanais.

Seolfar Creat nua Inniúlachta/Inacmhainneachta chun cur síos a dhéanamh ar na hiompraíochtaí a bheidh rithábhachtach chun an t-iarrthóir ceart a mhealladh le haghaidh ról agus mar acmhainn d'fhoireann Tusla i bhfeidhmiú a ról ar gach leibhéal laistigh den Ghníomhaireacht. Déanfar ball foirne a earcú faoi réir ár straitéis íocaíochta agus uimhreacha, atá socruithe ag 5,825 faoi láthair.

Ár bPobal a Choinneáil

In 2025, neartófar bealaí nuálacha comhoibríochas oibre a forbraíodh in 2024 chun go mbeimid in ann an leas is fearr a bhaint as ár ndaoine éirimiúla agus iad a spreagadh chun fanacht agus a ngairm a fhorbairt sa Ghníomhaireacht.

Déanfar anailís chriticiúil ar an bpróiseas dul chun cinn gairme atá ann faoi láthair chun réimsí atá le feabhsú a shainiú. Cruthófar conairí gairme soiléire sainithe le trédhearcacht fheabhsaithe maidir le deiseanna gairme inmheánacha, agus cuirfear gach folúntas in iúl do gach ball foirne chun rochtain chomhionann ar dheiseanna a chruthú.

Déanfar tionscnaimh chun rath fostaithe a cheiliúradh a chur chun feidhme in 2025 chun aitheantas agus luach a n-obair a léiriú. Forbrófar spás ar leith ar an gcaoladh nuachta chun éachtaí a fhoilsiú: mar shampla, comóradh fadseirbhíse agus gnóthachtálacha foirne.

Ár Scileanna agus ár nAcmhainní a Fhorbairt

Cuirfidh pleananna forbartha agus tacaíochtaí cóitseála ar chumas gach fostaí rath a bhaint amach. In 2025, tabharfaimid clár cóitseála isteach do gach fostaí chun cabhrú leis an bhfoireann a n-acmhainneacht a bhaint amach agus an leas is fearr is féidir a bhaint as a ngairmréim le Tusla. Cinnteoidimid go mbeidh plean forbartha saincheaptha i bhfeidhm ag gach fostaí don 12 mhí amach romhainn chun a n-acmhainneacht a bhaint amach.

Leanfaimid de dheiseanna forbartha gairmiúla a chur ar fáil agus a chur chun cinn trí chlár atá ann cheana a chur in iúl agus trí athbhreithniú agus leathnú leanúnach a dhéanamh ar thairiscintí (nuair is féidir) chun cabhrú le cultúr foghlama a chruthú.

Ár bhFoirne a Stiúradh

In 2025, trí mheán chlár Seisiún Éisteachta, neartóidh Tusla an caidreamh idir an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin (EMT) agus fostaithe, agus tabharfaidh sé infheictheacht agus rochtain níos fearr don EMT ar bhaill foirne i seirbhísí túslíne. Cruthóidh Tusla bealach cumarsáide comhtháite idir EMT agus an fhoireann faoi shaincheist na cumarsáide le fostaithe ó EMT tar éis gach gníomhaíochta rannpháirtíochta fostaithe, amhail suirbhéanna bíge agus rannpháirtíochta. In 2025, beidh rolladh amach leanúnach rannpháirtíochta inár nAcadamh Ceannaireachta & Bainistíochta do cheannairí cleachtas-bhunaithe ar fud na gníomhaireachta chun caighdeán cheannaireachta, ceannaireacht cleachtais agus bainistíocht comharbais a fhorbairt tuilleadh.

Tacófar le agus cumasófar le hobair foirne ildisciplíneach trí mheán Chlár Athchóirithe Tusla.

Cultúr Sláinte a Chruthú

Is é an aidhm atá againn cultúr sláinte agus folláine a bheith againn a bheidh mar bhonn eolais lenár bpríomhphróisis agus ár bpríomhnósanna imeachta AD. In 2025, méadóimid feachtas ar sheirbhísí tacaíochta folláine Tusla agus déanfaimid cinnte de go bhfuil rochtain éasca agus chothrom ar sheirbhísí trí thionscnaimh leanúnacha a thiomsú in aon áit amháin agus tairiscintí folláine a chur in iúl chun coinneáil a fheabhsú agus chun cultúr sláinte agus folláine a chinntiú.

A bheith mar Eagraíocht 'Inathraithe' agus Athchóiriú a Chumasú

In 2025, leanfaidh ag cothú tuisceana ar athruithe laistigh de Tusla, agus, go criticiúil, ar an bhfáth a bhfuil na hathruithe faoi bhun. Cuirfidh feachtas ar chumarsáid trí threoracha a thabhairt isteach sula gcuirfear nósanna imeachta agus prótacail nua i bhfeidhm. Bainfidh úsáid as Líonra Tusla um Tacaí Athraithe chun cabhrú le tuisceant na bhfostaithe ar an nasc atá acu le straitéis Tusla a fhorbairt trí nuashonruithe a eisiúint maidir leis an dul chun cinn ar straitéis Tusla agus na cuspóirí sa bhliain dár gcionn chun athrú éifeachtach a chumasú maidir le hathdhearadh eagraíochtúil agus seirbhísí feabhsaithe a sholáthar.

Aguisín 1: Príomhspríocanna agus Bearta Feidhmíochta 2025

AEARS	- Déanfar an fhoirm iarratais ar líne R1 a chur chun cinn. - Déanfar an creat rialacháin a dhoiciméadú.
Cúram Malartach	- Cuirfear 90% dár leanaí faoi chúram i gcúram altrama. - Gheobhaidh 100% de chúramóirí altrama an liúntas socrúcháin tosaigh do shocrúcháin cúraim altrama nua. - Beidh rochtain ag 100% de chúramóirí altrama atá nua nó ar lú a dtaithí ar phiarthacaíocht ó chúramóirí altrama a bhfuil taithí acu. - Gheobhaidh 100% de chúramóirí altrama incháilithe an liúntas míleáiste athbhreithnithe mar atá comhaontaithe sa phlean cúraim. - Osclofar naoi n-ionad cónaithe leanaí sa bhreis le méadú 34 leaba. - Déanfar oibrí iarchúraim a leithdháileadh ar 100% de dhaoine óga incháilithe a meastar gur gá dóibh ceann nuair a bhaineann siad 18 mbliana d'aois amach. - Beidh plean iarchúraim ag 90% ar a laghad de dhaoine óga a fhaigheann seirbhís iarchúraim.
Barnahus	Leathnófar seirbhís Barnahus Theas go Port Láirge agus Tiobraid Árann Theas.
Faisnéis Bhreithe agus Rianú	Leanfar ag laghdú amanna feithimh ar iarratais rianaithe.
Seirbhísí Cónaithe do Leanaí (CRS)	- Beidh Tusla ag obair le DCEDIY ar bhonn ráithiúil ar athruithe reachtaíochta ar an Acht um Chúram Leanaí atá ag teacht agus ar athruithe riachtanacha sa todhchaí. - Bunófar grúpa oibre chun rogha breithmheasa a chur i gcrích d'fhorbairt de champas amháin chúraim speisialta. - Cuirfidh Tusla gníomhartha 2025 ón Phlean Gníomhaíochta Chúraim Speisialta i bhfeidhm (moltaí an ghrúpa seachtaraigh san áireamh, agus léireofar moltaí a bhaineann le Ranna/gníomhaireachtaí stáit eile dóibh). - Beidh Tusla ag obair go comhoibríoch le DCEDIY mar chuid de Ghrúpa Éigeandála ar Chúraim Speisialta a chinntiú go bhfuil tuiscint chomhpháirteach ar na hiarrachtaí chun cumas i gCúram Speisialta a mhéadú, agus tabharfar faoi chomhanailís chun ceisteanna casta a thuiscint gur chóir dul i ngleic leo go láithreach, go gearrthéarmach agus go meántéarmach mar iarracht chun iontráil phras i gcúram speisialta a chinntiú do dhaoine óga faoi réir ordú Ard-Chúirte.
Cumarsáid	- Cuirfear 100% de ghníomhaireachtaí arna cistiú ag Tusla ar an eolas faoin riachtanas atá orthu cistiú Tusla a admháil i gcomhréir le teoracha agus dearbhaítear é chomh maith ar a gComhaontú ar Leibhéal Seirbhíse 2025. - Bainfear amach 100% príomhtháscairí feidhmíochta (PTFanna) sa Straitéis Chumarsáide do 2025 ar leibhéal náisiúnta agus réigiúnacha.

An Rialachán maidir le Seirbhísí Leanaí (CSR)	- Cuirfear ar bun córas iarratais agus próiseála ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus lena linn tuairisceofar na PTFanna ar bhonn ráithiúil ó Ráithe 2. - Déanfar polasaí EYI a leasú agus a feidhmiú chun na cumhachtaí nua a léiriú, leagfar amach ról agus freagrachtaí na ndaoine aonair agus na gcoistí. - Cuirfear i bhfeidhm próiseas um bainistiú athruithe chun teacht le digitiú TFC na EYI lena n-áirítear feighlíocht leanaí. - Foilseofar treoir agus Ccanna ar shuíomh EYI. - Ceapfar toscairí CSR do ghrúpaí oibre bunaithe ag DCEDIY.
CSSCU	- Críochnófar Athbhreithniú ar Straitéis CSSCU 2018-2023. - Foilseofar Straitéis CSSCU 2025-2027 nua.
Cosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise	- Déanfar 100% de DPIAnna tosaíochta a chur i gcrích roimh an spriocdháta. - Déanfar 100% de DPAnna ar thríú-pháirtithe a chur i gcrích roimh an spriocdháta.
Eastáit	- Tabharfar faomhadh DCEDIY/An Bhoird don Phlean Caipitil 2025. - Déanfar Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide a sheachadadh.
Comhlíontacht Airgeadais agus Formhaoirseacht	Déanfar forbairt ar mhódúl oiliúna ar líne amháin ar a laghad.
FRCanna/ CYPSCanna	- Áireofar cúig FRC sa bhreis sa Chlár FRC. - Beidh tacaíocht togra CYPSC i bhfeidhm le haghaidh 100% de CYPSCanna áitiúla.
Sláinte agus Sábháilteacht	- Beidh laghdú 20% ar mheadarachtaí VHA i gcomparáid le figiúirí 2024. - Beidh 100% comhlíonadh i dtuairisciú VHA. - Cuirfear 1,000 áiteanna oiliúna VHA breise ar fáil do 100% de bhaill foirne cúraim speisialta agus 80% de bhaill foirne príomhshrutha. - Tabharfar isteach faighneoga nua sábháilteachta sna haonaid chúraim speisialta.
TFC	- Beidh dul chun cinn go 95% (ó thart ar 90%) de leanaí agus de theaghlaigh á thacú ag na córais chomhtháite (Tairseach agus TCM). - Leanfaimid ar aghaidh le digitiú na Seirbhíse Luathbhlianta/An Rialacháin maidir le Seirbhísí Leanaí, le sprioc de 50% den tseirbhís digitithe go ceann deireadh 2025. - Déanfar 25% sa bhreis d'fhoirmeacha ar pár atá ann faoi láthair agus in úsáid ag gach seirbhís Tusla a dhigitiú i ríomhfhoirmeacha nó i gcórais thacúla. - Cuirfear trealamh nua cumarsáide TFC i bhfeidhm i 50 oifig Tusla. - Bainfimid amach 90% scór slándála i gcomparáid chaighdeán CIS. - Déantar athnuachan ar 90% de na ríomhairí glúine. - Bainfear amach 4 as 4 de na gníomhaíochtaí cáilíochta de réir chlár Bainistíochta Sonraí 3-bliana. - Bainfear amach 1 as 1 den ghníomh anailísíochta agus éirim ghnó de réir chlár Bainistíochta Sonraí 3-bliana. - Bainfear amach deimhniúchán Shlándáil Faisnéise ISO 27001. - Déanfar innéacsú agus aistriú ar 5% de na comhaid stairiúla ar pár uile chuig an tseirbhís cartlannaithe coimisiúnaithe nua atá ar conradh ag Tusla (tugadh ar aghaidh ó 2024). - Beidh dul chun cinn go 100% (ó thart ar 85%) ar dhigitiú agus innéacsú na dtaifid uchtála stairiúla atá fós ar pár amháin.

Prótacal Comhpháirteach	- Cuirfear i bhfeidhm Phrótacal Comhpháirteach athbhreithnithe FSS/ Tusla do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil riachtanais chasta acu. - Cuirfear i bhfeidhm Phrótacail Chomhpháirteacha athbhreithnithe AGS/Tusla.
Tacaíochtaí Tuismitheoireachta	Beidh Mol Tuismitheoireachta i ngach aon réigiún Tusla.
Dualgas na hEarnála Poiblí	Cuirfear oiliúint éigeantach ar fáil do 100% den fhoireann ar HSeLanD.
Earcaíocht agus Coinneáil/Daoine & an tAthrú	- Déanfar an cohórt printíseacha d'Oibrithe Sóisialta a mhéadú faoi dhó ó 2024. Beidh 20 urraíocht/sparánacht ar fáil do mhic léinn ar chlár na céime Máistreachta. - Cuirfear méadú 3% ar líon na bpost Oibre Sóisialta/Cúraim Sóisialta. - Freastalófar ar, ar a laghad, 12 imeacht earcaíochta (míosúla) chun deiseanna Cúraim Speisialta a chur chun cinn. - Lainseálfar feachtas céimithe Cúraim Sóisialta. - Beidh rátaí coinneála i gCúram Speisialta ar 90%. - Baineadh amach méadú 1% ar choinneáil foirne. - Fillfidh 95% de chéimithe ar an nGníomhaireacht i ndiaidh cáilíochta. - Déanfar an Cúrsa Cleachtais Múinteoirí Tusla a sheachadadh ar 100% do na múinteoirí nua cleachtais. - Déanfar earcaíocht ar 90% de chéimithe tríd an gclár Earcaíochta Céimithe. - Tugfar oiliúint do 10% den fhoireann faoin gCreat Ceannaireachta Inniúlachta Tusla in 2025. - Beidh an clár Printíseachta Oibre Sóisialta i bhfeidhm. - Beidh oiliúint scileanna cóitseála ar fáil do 100% Tacaí Athraithe chun tacú le cumasú an Chláir Athchóirithe. - Comhlánfaidh 50% den fhoireann an suirbhé faoi Chultúr. - Beidh cóitseáil/meantóireacht ar fáil do 100% den fhoireann. - Beidh scileanna idirghabhála ar fáil do 100% den fhoireann. - Déanfar 25% de fhoirmeacha AD a dhigitiú. - Cuirfear i gcrích athbhreithniú ar chórais chuí TF i leith oibre sofheagrúla.
Taighde	Cuirfear Thionscadal na nEispéireas Cúraim chun cinn.
SCSIP	- Tabharfar isteach 40 áit chónaithe sa bhreis do UAManna agus SCSIP. - Déanfar 100% d'iarraitais le haghaidh chosaint idirnáisiúnta ó leanaí scartha/neamhthionlachta ag an seirbhís coimisiúnaithe.
Caighdeán agus Torthaí	- Cuirfear gnéithe riachtanacha de QMS don Chlár Athchóirithe i bhfeidhm. - Aontófar Creat Thomhas Torthaí Tusla.
Athchóiriú Struchtúrach	Bainfear amach PTFanna faoi réir an phlean feidhmithe Soláthair Seirbhíse Chomhtháite Áitiúil.
TESS	Cuirfear i bhfeidhm 100% de ghníomhaíochtaí straitéiseacha TESS-treoraithe 2025 faoin TRES.
Seirbhísí Teiripeacha	Cuirfear feabhas ar sheirbhísí teiripeacha ag leibhéal réigiúnach i gcomhréir leis an gClár Athchóirithe.

Aguisín 2: Creat Airgeadais (Forlíontach)

Cistiú Foriomlán le haghaidh 2025

Cinneadh Glan-Neamhchaipitil

Is é €1,255.713m cinneadh oll-neamhchaipitil na Gníomhaireachta le haghaidh 2025 (lena n-áirítear €59.762m ón Roinn Oideachais). Déanfar é sin a chistiú i bpáirt le leithreasú measta €18.871m in ioncam cabhrach ó asbhaintí aoisliúntais agus pinsin. Dá bhrí sin, is é €1,236.842m cinneadh glan-neamhchaipitil na Gníomhaireachta le haghaidh 2025.

Leagtar amach comhdhéanamh táscach leithdháileadh airgeadais 2025 i ndáil le Glan-Neamhchaipitil i dTábla 2.

Tábla 2: Leithdháileadh airgeadais i leith ioncaim le haghaidh 2025

	Foinse Maoinithe	Leithdháileadh Iomlán Tusla 2025 €m	
Pá		439.698	
Pinsin		25.445	
Pá Iomlán		465.143	
Cúram Altrama		148.586	
Cúram Cónaitheach		289.503	
Cúram Speisialta		2.278	
Iarchúram		24.236	
Cosaint agus Leas Leanaí		1.767	
Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh		160.146	
Faisnéis, Rianú Breithe agus Uchtú		2.503	
Costais Dlí (Seachas Costais Caomhnóir ad litem (GAL))		17.204	
GAL & Costais Dlí GAL		15.998	
Costais Riaracháin		41.933	
Neamhphá Eile		17.058	
Foireann Cigireachta Luathbhlianta		1.468	
TESS agus AEARS		41.010	
Tacaíochtaí na hÚcráine		26.880	
Neamhphá Iomlán		790.570	
Leithdháileadh Neamhchaipiteal Comhláin	DCEDIY Príomh-A3	€1,068.801m	1,255.713
	DCEDIY E4 Cosaint Idirnáis.	€70.533m	
	Vóta 26 Roinn Oid.	€59.762m	
	DCEDIY an Úcráin	€31.498m	
	DCEDIY Fo-cheannteidil eile	€14.002m	
	DCEDIY LuathbhliantaB5:	€11.117m	
Leithghabháil i gCabhair		-18.871	
Leithdháileadh Neamhchaipiteal Glan		1,236.842	

DCEDIY Fotheideal A3

Tiocfaidh méadú €75.153m ó €993.648m in 2024 go €1,068.801m in 2025 ar an Oll-leithdháileadh Neamhchaipitil faoi Phríomh-Fhotheideal A3 DCEDIY.

Vótáil na Roinne Oideachais 26: TESS, SCP agus AEARS

Beidh an leithdháileadh le haghaidh na bliana 2025 a bhaineann le TESS, SCP agus AEARS ón Roinn Oideachais cothrom le €59.762m; méadú €4.378m ar an leithdháileadh €55.384m in 2024.

Tábla 3: Cistiú Fotheidil eile 2025

Fo-Cheann	Cur síos	€m
C5	ESF	3.963
C5	Comhairleoireacht agus Teiripeach	1.500
C5	Tionscadal CYPSC	1.080
C5	Éire Shláintiúil	0.850
C5	Comhordaitheoirí CYPSC	0.930
C5	Ceannasaithe Teiripeach	0.884
C5	Naomh Ultáin	0.310
C5	Fo-iomlán C5	9.517
C9	Cuartaíocht Bhaile	2.250
C9	Fo-iomlán C9	2.250
B8	Cúram Malartach	0.667
B8	Tacaíocht Tuismitheora	0.293
B8	Barnahus	0.520
B8	Cosantóirí Oideachais	0.300
B8	Tionscadal chun Caidreamh a bhunú le hEagraíochtaí an Luc	0.395
B8	Tionscadal Scéim Fostaíochta	0.060
B8	Fo-iomlán B8	2.235
Iomlán	Fo-cheannteidil Eile	14.002

Fotheideal B5 – Luathbhlianta

Beidh cistiú faoi fhotheideal Luathbhlianta B5 cothrom le €11.117m le haghaidh 2025.

Other Sources of Funding

Tusla also received additional allocations of €5.316m in 2025 under other subhead funding sources, which brings the allocations to €14.002m, as set out in Table 3.

Soláthar Caipitil

Rinneadh foráil freisin do chaiteachas caipitiúil na Gníomhaireachta le linn 2025 suas le huasmhéid €28.750m; tá na sonraí leagtha amach sa rannán Caiteachas Caipitiúil thíos.

Toradh Réamh-Mheasta 2024

Tá Tusla ag tuar róchaiteachas c.€81m in aghaidh an leithdháileadh bunaidh buiséid le haghaidh 2024 ar bhonn a chuntasaíochta bainistíochta atá bunaithe ar fhabhrúcháin, a íocadh le Leithdháileadh Forlíontach in 2024.

Tá briseadh síos na réamhfhaisnéise róchaiteachais sin ná €55m róchaiteamh ar sheirbhísí príomhshrutha arna cistiú ag an DCEDIY, €29m róchaiteamh i leith seirbhísí SCSIP arna cistiú ag an DCEDIY agus €3m tearc-chaitheamh in aghaidh leithdháileadh na Roinne Oideachais do sheirbhísí TESS, SCP agus AEARS. Tá an róchaiteachas á spreagadh ag brúnna faoi thionchar an éilimh i réimsí na seirbhísí Cónaithe Príobháideacha, SCSIP agus seirbhísí GAL.

Tionchar Ghéarchéim na hÚcráine

Táthar ag tuar gur sa réigiún €32m a chosnóidh sé do Tusla an caiteachas breise a bhaineann le soláthar tacaíochtaí agus seirbhísí dóibh siúd atá ar a dteitheadh ón gcogadh san Úcráin, agus táthar ag súil go gcaithfidh Tusla a leithdháileadh iomlán sa réimse seo in 2024.

Leagtar amach i dTábla 4 an t-olltoradh réamhaisnéise agus an t-athraitheas in aghaidh an bhuiséid bunaidh de réir an chineáil caiteachais do 2024, mar aon le coigeartú le haghaidh leithdháiltí forlíontacha.

Tábla 4: Olltoradh a bhfuiltear ag súil leis le haghaidh 2024

		2024			
AFS	AFS Catagóir achoimre	Réamhaisné is don Bhliain Iomlán €m	Buiséad don Bhliain Iomlán €m	Athraitheas Réamhaisné €m	Athraitheas Réamhaisné %
Pá	Bunphá	330.886	354.916	-24.030	-7%
	ÁSPC Fostóirí	36.046	34.258	1.788	5%
	Gníomhaireacht	15.698	0.114	15.584	13648%
	Sath/Domh/Saoire Phoiblí	5.032	6.040	-1.007	-17%
	Ragobair	3.356	0.215	3.141	1463%
	Ar Glao-dhualgas	2.428	1.749	0.679	39%
	Dualgas Oiche	2.227	2.154	0.073	3%
	Liúntais	1.695	2.140	-0.445	-21%
	Riaráiste	0.666	0.003	0.663	25078%
	Pá ar iasacht	-1.042	-0.324	-0.718	222%
	Pá Pinsin	22.702	19.445	3.257	17%
Pá Iomlán		419.695	420.710	-1.015	0%
Neamhphá	Cúram Príobháideach Cónaitheach agus Cúram Altrama	288.583	223.776	64.806	29%
	Deontais do Ghníomhaireachtaí Lasmuigh	202.662	199.563	3.099	2%
	Cúram Altrama agus Liúntais Eile	131.948	129.748	2.200	2%
	Neamhphá Eile	70.994	67.503	3.491	5%
	Dlíthiúil	37.433	30.502	6.931	23%
	Taisteal Foirne	12.742	10.470	2.272	22%
Neamhphá Iomlán		744.362	661.562	82.800	13%
Ioncam		-3.467	-2.298	-1.169	51%
Aoisliúntas/Ioncam PRD		-18.870	-18.870	0.000	0%
Aoisliúntas/Ioncam PRD Iomlán		1,141.720	1,061.104	80.616	8%
Leithdháileadh Forlíonach 2024			80.660	-80.660	-100%
Glanchaiteachas Táirgeachta i ndiaidh Forlíonach		1,141.720	1,141.764	-0.044	0%

Príomh Olltorthaí

- **Costais Íocaíochta** – Tagann an gannchaiteachas chun cinn go príomha mar gheall ar choigiltis a bhaineann le ham mar go raibh ag méadú ar líon na mball foirne de réir a chéile le linn 2024 agus níor shroich siad a gcoibhéis lánaimseartha iomlán (CL) iomlán inacmhainne.
- **Soláthar Neamhspleách Socrúcháin - Cúraim Chónaithe** – Lean leanaí a bhfuil riachtanais níos casta fós acu de bheith ag teacht faoi chúram in 2024 agus chruthaigh sé sin éileamh breise ar shainsocrúcháin chúraim chónaithe do na leanaí sin, go háirithe i réimse na Socrúithe Speisialta Éigeandála.
- **Costais Mhíchumais dlite ón FSS** – Áirítear leis an róchaiteachas sin c.€13m atá dlite ó FSS chun tacú le cásanna míchumais i gcomhréir leis na ceanglais maidir le comhroinnt costais faoin bPrótacal Comhpháirteach maidir le Seirbhísí Míchumais.
- **Cúram Speisialta** – Le linn 2024 bhí roinnt socrúchán Cúraim Speisialta agus bhí gá le socrúchán taobh amuigh den stát (sa RA) agus bheadh tionchar acu ar chostais 2025 chomh maith.
- **Leanaí Scartha a Bhfuil Cosaint Idirnáisiúnta á Lorg Acu (An Úcráin & tíortha eile)** – Bhí ar an nGníomhaireacht aghaidh a thabhairt ar fhás gan fasach ar an éileamh ar sheirbhísí Leanaí Scartha a Bhfuil Cosaint Idirnáisiúnta á Lorg Acu in 2024, agus táthar ag súil go leanfaidh sé ar aghaidh in 2025.
- **Deontais do Ghníomhaireachtaí Lasmuigh** – Tá an t-easnamh ar dheontais déanta suas de €1m a bhaineann le deontais SCSIP ag teacht chun cinn de bharr oscailt aonad breise san earnáil phobail agus dheonach; tá daoine óga á n-aistriú chuig na socrúcháin nua seo ó shocrúcháin SEA níos costasaí, mar sin tá tionchar fabhrach ar an easnamh foriomlán; agus c.€2m a bhaineann le brúnna práinneacha réigiúnacha seirbhíse faoi thionchar an éilimh.
- **Dlíthiúil** – Meastar go mbeidh na costais dlí ag €37m róchaite i gcomparáid le buiséad €31m de €6m in 2024. Tá úsáid leanúnach GALanna agus na costais dlí a bhaineann le GALanna araon in 2024, agus is tosc suntasach é don tuaradh easnamh foriomlán ar chostas GAL de €5m le haghaidh 2024. Tá an caiteachas seo faoi thionchar an éilimh toisc go ndéantar an tseirbhís a choimisiúnú ag na Cúirteanna.
- **Neamhphá Eile & Taisteal** – Réamh-mheastar go bhfuil na costais eile neamhphá róchaite faoi c.€4m ag an bpointe seo le haghaidh 2024. Leanann Tusla leis le monatóireacht, athbhreithniú agus bearta a chur i bhfeidhm chun an caiteachas sin a laghdú nuair is féidir, agus ag an am céanna luach airgid a chinntiú. Réamh-mheastar go bhfuil taisteal foirne róchaite faoi c.€2m ag an bpointe seo do 2024. Tá srianta ar thaisteal tugtha isteach ag Tusla chun caiteachas a laghdú agus chun díriú ar thaisteal a bhaineann le seirbhís don mhórchuid.
- **Srianta Costais** – Tá an Gníomhaireacht ar an mbealach chun teorannuithe costais a bhaint amach san ord de €29m, mar a leagadh amach i dTábla 5.

Tábla 5: Teorannuithe Costais a baineadh amach in 2024

Srianah Costais	2024 €m
Costais Shocrúcháin SEA	-8.0
Barrfheabhsú Inniúlachta SCSIP	-20.0
Srianadh Costais Eile	-0.5
Srianadh Costais Iomlán	-28.5

Laghdaíodh go rathúil meánchostas socrúcháin SEA go luath in 2024. Anuas air sin, measaimid gur choiglíomar níos mó ná €20m in 2024 ó úsáid chumais níos fearr na socrúcháin SCSIP. Tá na coigiltis sin ag leanúint. Leantar le monatóireacht ar bhearta rialaithe costais maidir le taistil, úsáid óstáin agus costas eile chun a chinntiú go bhfuil an úsáid is fearr as na hacmhainní a bhaint amach.

Toradh Réamh-Mheasta 2025

Tá an Ghníomhaireacht ag tnúth go leanfaidh an brú ar sheirbhísí atá faoi thionchar an éilimh a aithníodh in 2024, agus a chúisigh riachtanas Leithdháilte Forlíontaigh, ar aghaidh in 2025. Bíonn an Ghníomhaireacht ag iarraidh a

chinntiú i gcónaí go gcuirtear seirbhísí ar fáil laistigh dá leithdháileadh, ach mar gheall ar na hoibleagáidí reachtúla chun freastal ar riachtanais leasa agus cosanta leanaí agus teaghlach atá i mbaol, lean an t-éileamh ar sheirbhísí de bheith níos mó ná na hacmhainní atá ar fáil, rud a fhágann go bhfuil cistiú breise ag teastáil le blianta beaga anuas.

Spriocanna Teorannaithe Costais a Aithníodh do 2025

Shainaithin an Ghníomhaireacht figiúr de €23.1m mar sprioc choigiltis le haghaidh 2025 chun aghaidh a thabhairt ar na brúnna faoi thionchar an éilimh a bhfuiltear ag súil leo. Déantar achoimre ar na spriocanna coigiltis sin i dTábla 6.

Tábla 6: Spriocanna Teorannaithe costais le haghaidh 2025

Srianadh Costais Fhéideartha	2025 €m
Maoiniú Michumais FSS	-13.1
Iarchúraim SCSIP & Priomhshrutha	-5.0
Srianadh Costais Eile	-5.0
Srianadh Costais Iomlán Réamh-Mheasta	-23.1

a. Íocaíochtaí Míchumais ó FSS (Prótacal Comhpháirteach)

Faoi bPrótacal Comhpháirteach reatha maidir le Míchumas, aontaíonn FSS agus Tusla ar bhainistiú agus cistiú socruithe do leanaí faoi mhíchumas faoi chúram Tusla. Cé go bhfuil comhaontú ann maidir leis na socruithe sin, ní raibh FSS in ann a cuid gealltanais a chomhlíonadh sna blianta roimhe seo maidir lena sciar den chistiú mar gheall ar ghealltanais acmhainní. Oibreoimid le FSS agus leis an DCEDIY chun a chinntiú go maoineofar Tusla go leibhéal an easnamh reatha de €13.1m in 2025.

b. Spriocanna Teorannaithe Costais Iarchúraim in SCSIP agus Seirbhísí Príomhshrutha

In 2025, tá plean ag an nGníomhaireacht na próisis a bheachtú chun aistriú pras rialachais agus costas a chinntiú mar a bhaineann siad le seirbhísí a cuireadh ar fáil cheana do leanaí nuair a bhaineann siad 18 bliana d'aois amach, faoin reachtaíocht, agus bíonn siad ina bhfreagracht gníomhaireachtaí stát eile. Tá sprioc choigiltis €5m leagtha amach ag an nGníomhaireacht in 2025.

c. Sprioc Teorannaithe Costais Eile

Tá sprioc eile leagtha amach againn chun caiteachas a laghdú le €5m ar chostais a bhaineann le seirbhísí nach seirbhísí túslíne iad in 2025.

d. Bearta Eile a D'Fhéadfadh a Mheas

Mar thoradh ar easnamh cistithe eile in 2025 bheadh gá le laghduithe costais a dhíriú ar réimsí an phá, deontais do ghníomhaireachtaí deonacha, seirbhísí cónaithe príobháideacha, dlí agus neamhphá eile. Bheadh gá le faomhadh ón Aire le haghaidh beart a dhéanamh i leith moltaí le haghaidh laghduithe costais den chineál seo. Leagtar amach i dTábla 7 na roghanna laghdaithe costais a bheadh ar Tusla a mheas mar gheall ar easnamh cistithe eile.

Tábla 7: Roghanna laghdaithe costais le haghaidh 2025

Caiteachas	Spreagadh costais	Roghanna laghdaithe costais
Pá	Costas arna spreagadh ag líon na ndaoine atá fostaithe	Reo earcaíochta le laghdú breise ar Oibrithe Sóisialta agus ar phríomhfhoireann Cúraim Shóisialta chun oibriú i seirbhísí cónaithe, rud a fhágann go gcailltear socrúcháin chónaithe.
Pinsin	Costas arna spreagadh ag pinsinéirí iarbhr	Níl aon scóip ann le haghaidh laghdaithe.
Liúntais Chúraim Altrama	Costas arna spreagadh ag líon na leanaí faoi chúram stáit	Níl aon scóip ann le haghaidh laghdú ar an líon atá ann faoi láthair.
Liúntais Iarchúraim	Costas arna spreagadh ag líon na ndaoine óga a fhaigheann liúntas iarchúraim	Laghdú ar sheirbhísí iarchúraim le heaspa dídine ar dhaoine óga idir 18 agus 23 mar thoradh air sin.
Deontais	Seirbhísí coimisiúnaithe bunaithe ar thionchar an éilimh	Laghdú ar sheirbhís agus leithdháileadh ar ghníomhaireachtaí agus caillteanas áiteanna cónaithe mar thoradh air sin chomh maith le tacaíocht laghdaithe do leanaí agus do theaghlaigh atá i mbaol, rud a fhágann go bhfuil níos mó leanaí ag teacht faoi chúram an Stáit agus go bhfuil ag méadú ar an spleáchas ar shocrúithe cónaithe gearrthearma costasacha SEA.
Dlíthiúil	Costais seirbhíse faoi thionchar an éilimh agus costais GAL	Faoi threoir cúirte é seo agus mar sin ní féidir é a laghdú.
Neamhphá Eile	Seirbhísí cúraim leanaí ginearálta, costais reatha oifige agus riaracháin lena n-áirítear cíosanna, cothabháil, oideachas, speansais oifige, glantachán, slándáil, agus seirbhísí gairmiúla	Tionscadail straitéiseacha a ghearradh siar, e.g. an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA), Cosaint Sonraí, Saoráil Faisnéise (SF), Comharthaí Sábháilteachta, Sláinte & Sábháilteachta, forbairtí TFC, Straitéis Eastát, Straitéis Daoine. Is lú an coigilteas a d'fhéadfaí a dhéanamh agus chuirfí deireadh le príomhathruithe straitéiseacha arb é is aidhm dóibh na saincheisteanna géarchéime atá ann faoi láthair a réiteach.

Caiteachas	Spreagadh costais	Roghanna laghdaithe costais
Cúram príobháideach cónaithe agus altrama	Líon na socrúchán	Líon na socrúchán atá ar fáil do leanaí a laghdú agus treoir mhéadaithe ón gCúirt leanaí a chur i SEAnna ar chostas ard. Soláthar SCSIP/Chlár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann (IRPP) a laghdú agus an baol ann go sárófar beartas agus dlíthe an rialtais maidir le mionaoisigh a chosaint.

Réimsí Riosca Airgeadais

Tá an Ghníomhaireacht tiomanta don Phlean Gnó a chur i gcrích laistigh den leithdháileadh ar a cuireadh ar fáil di le haghaidh 2025. Mar sin féin, ciallaíonn cineál na seirbhísí atá á soláthar go mbeidh sábháilteacht agus cúram aon leanbh atá i mbaol ar an bpríomhfachtóir agus cinntí caiteachais á gcinneadh. Tá soláthar éifeachtach seirbhíse agus luas pleanáilte an athchóirithe ag brath ar acmhainní leordhóthanacha a bheith ar fáil, agus tá fáilte mhór á cur roimh na hacmhainní breise atá á cur ar fáil don Ghníomhaireacht le haghaidh 2025 agus cabhróidh siad go mór leis na hiarrachtaí leanúnacha chun feabhas a chur ar an gcúram agus ar na seirbhísí atá á gcur ar fáil ag Tusla do leanaí agus teaghlaigh leochaileacha inár sochaí.

Leagtar amach thíos na príomhréimsí riosca airgeadais le haghaidh na Gníomhaireachta in 2025.

Seachadadh Seirbhísí laistigh den Leithdháileadh

Déanfaidh an Ghníomhaireacht maoirseacht láidir ar bhainistiú an Leithdháilte chun a áirithiú go mbeidh an riosca is lú is féidir ann maidir le róchaiteachas in 2025. Rachaidh Tusla i gcomhairle leis an Aire agus le hoifigigh a Roinne chun teacht ar chomhaontú maidir le haon bheart chun gníomh ceartaitheach a dhéanamh maidir le comhlíonadh oibleagáidí reachtúla

agus moltaí seachadta seirbhíse sa chás go dtagann riosca róchaiteachais chun tosaigh. Mar a sainaitníodh cheana, táthar ag súil go leanfaidh na brúnna an-tromchúiseacha ar an nGníomhaireacht faoi thionchar an éilimh a chúisigh an gá le Leithdháileadh Forlíontach in 2024 de bhrú a chur in 2025.

SCSIP na hÚcráine agus nach mbaineann leis an Úcráin: Deimhníodh cistiú €31.498m le haghaidh 2025 ón DCEDIY chun seirbhísí a sholáthar a bhaineann le leanaí agus teaghlaigh atá ag teacht ón Úcráin agus cuireadh €70.533m ar fáil do SCSIP ó thíortha nach iad an Úcráin iad. Oibreoidh Tusla go dlúth leis an Roinn chun faisnéis a chur ar fáil don leithdháileadh sin agus déanfaidh sé é a bhainistiú. Mar sin féin, tá soláthar seirbhísí laistigh den leithdháileadh ag brath ar líon na leanaí a thagann go hÉirinn in 2025 agus ar an leibhéal seirbhísí a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uathu.

Seirbhísí Cónaithe: Lean Tusla d'éileamh an-ard a fháil in 2025 maidir le leanaí a bhfuil riachtanais an-chasta acu agus a dteastaíonn sainseirbhísí uathu go minic ar bhonn éigeandála.

Is é an riachtanas atá ann go mbeadh cúram dhá dhuine ar a laghad ag na leanaí seo le haghaidh tréimhsí fada agus costas c.€0.750m in aghaidh na háite ar bhonn bliantúlaithe. Cé go raibh laghdú ar líon na ndaoine a bhí ag lorg na seirbhísí sin sa

dara leath de 2024, agus tá cuma air go bhfuil buaic sroichte ag an líon, tá an líon fós réasúnta ard. Tá coinne go leanfaidh sé sin ar aghaidh in 2025 agus mar sin beidh na héilimh shuntasacha ar acmhainní fós ann.

Tá costais ár socrúcháin chónaithe phríobháideacha c.€400k in aghaidh na bliana agus gach socrúchán i gcúram altrama príobháideach €56k ar an meán in aghaidh na bliana. Tagraímid don athbhreithniú a d'fhoilsigh Seirbhís Eacnamaíochta agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann (IGEES) ar na costais a bhaineann leis an tseirbhís, agus tá an tuarascáil seo ar fáil anseo: <https://assets.gov.ie/90898/7509a985-73a8-4963-a2eb522285714ab2.pdf>

Seirbhísí Míchumais: Tá an t-éileamh ar sheirbhísí do leanaí agus do dhaoine fásta óga faoi chúram Tusla a bhfuil diagnóis acu atá idir Míchumas Measartha agus Míchumas Trom ag méadú i gcónaí. Thángthas ar chomhaontú idir an DCEDIY agus an Roinn Sláinte in 2020 gur féidir le FSS costais do na seirbhísí sin a roinnt le Tusla, lena n-áirítear gach cás nua ina bhfuil diagnóis atá idir Míchumas Measartha agus Míchumas Trom ag leanbh a chuirtear faoi chúram. Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar an gcomhaontú le FSS, agus tá sé curtha in iúl ag FSS go bhfuil sí toilteanach an t-airgead breise atá dlite in 2025 a chur ar fáil. Leagtar amach iad sin sna spriocanna coigiltis thuas agus déanfar faireachán orthu le linn 2025. Ba é an costas iomlán a bhain le socrúcháin do dhaoine faoi mhíchumas ná €43m.

Cúram Speisialta: Bíonn dúshlán ar Tusla fós ár n-oibleagáidí reachtúla chun Socrúchán Cúraim Speisialta a chur ar fáil do dhaoine óga ar a tugadh faomhadh dóibh, faoi threoir na hArd-Cúirte, a bhaint amach de thoradh ár n-éagumas oibriú ar lánacmhainn táirgthe fud ár dtrí Aonad Cúraim Speisialta toisc ganntanais foirne. Dá bharr sin bíonn costais dhlíthíochta ag méadú, bíonn costais GAL ag méadú agus bíonn atreoruithe chuig socrúcháin

ardchostais as an stát do na daoine óga seo le riachtanais an-chasta agus i mbaol díobhála láithreach. Táthar ag súil go leanfaidh na costais sin ag ardú in 2025.

Pá: Tá Straitéis um Pá agus Uimhreacha curtha i bhfeidhm ag Tusla chun uasteorainneacha CL a shainaithint le leithdháileadh buiséid pá riachtanach i gcás gach ceann de Réigiúin/Ceantair Seirbhíse Tusla, Seirbhísí Náisiúnta agus Stiúrthóireachtaí Corparáideacha. Tá buaic tháscach na coibhéise lánaimseartha le haghaidh 2025 ag 5,980 de réir Ráiteas na Gníomhaireachta. Meastar go mbeidh an sprioc inacmhainneach coibhéise lánaimseartha le haghaidh 2025 ag 5,825. Leanfaidh an sprioc sin de bheith ag feidhmiú mar an rialú ardleibhéil ar chostas pá agus ar mhéid an phá in 2025 chun a chinntiú go gcloífidh an Ghníomhaireacht laistigh dá leithdháileadh pá.

Ba é ba chúis leis na **costais phinsin** ná líon níos airde foirne a bheith ag dul ar scor ná mar a buiséadaíodh in 2024, agus táimid ag súil go bhfanfaidh líon na ndaoine a rachaidh ar scor ard in 2025. Ní féidir na costais sin a rialú go héasca ó thaobh feidhmíochta airgeadais de agus is deacair iad a thuar go cruinn.

Ullmhaíodh an plean seo ar an mbonn go ndéileálfar le saincheisteanna cistithe a bhaineann le pinsin ar leithligh ón acmhainn ghinearálta atá ar fáil chun seirbhísí a sholáthar.

Seirbhísí larchúraim: Leanfaidh Tusla leis ag soláthar leibhéil shuntasacha de sheirbhísí larchúraim in 2025. Tacaíonn cuid mhór den infheistíocht seo le haosaigh leochaileacha óga atá ag fágáil cúraim a mbíonn tionchar ag míchumas, ag andúil, nó ag saincheisteanna meabhairshláinte orthu chomh maith leis na leochaileachtaí a bhaineann le leanaí a chaith a saol óg faoi chúram an stáit. Bheadh go leor de na daoine óga a bhfuil tacaíocht á thabhairt dóibh gan dídean mura mbeadh na tacaíochtaí sin ar fáil.

Is le cinntí aonair ón gCúirt a chinntear costais an **Chaomhnóra Ad Litem**, bíonn caiteachas faoi thionchar an éilimh mar thoradh air agus caithfidh an Ghníomhaireacht an caiteachas sin a íoc. Tá sárú suntasach déanta ag an gcaiteachas sin ar an mbuiséad in 2024 agus tá baol láidir ann go sárófar an buiséad leithdháilte in 2025. Tá an DCEDIY i mbun próiseála Sheirbhís Náisiúnta GAL a bhunú agus táthar ag súil go nglacfar freagracht don tseirbhís in 2025/26.

Féadfaidh Tusla **íocaíochtaí a dhéanamh leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát** i leith an chostais a bhaineann le héilimh a d'eascair sna blianta roimhe a bhainistiú agus a shocrú in 2025. Is de chineál dlíthiúil agus teicniúil iad na híocaíochtaí sin agus ní dhéantar foráil sa Phlean Gnó maidir le haon chaiteachas faoin gceannnteideal sin, toisc nach bhfuil aon bhuiséad i bhfeidhm go fóill chun é a chumhdach. B'ionann an meánchaiteachas agus c.€4m in aghaidh na bliana le blianta beaga anuas.

Caiteachas méadaithe TFC: Rinneadh infheistíocht shuntasach i gcórais nua, imirce chuig TuslaIRL, cumasú soghluaisteachta, nascacht, trealamh, slándáil agus bainistíocht sonraí i gcomhréir le Straitéisí TFC agus Bainistíochta Sonraí na Gníomhaireachta. Tá méadú tagtha ar chostais oibriúcháin sa réimse sin le blianta beaga anuas mar thoradh air sin, agus beidh méadú orthu arís in 2025.

Próisis láimhe: Is de láimh a dhéantar roinnt próiseas íocaíochta agus dá bhrí sin tá riosca méadaithe acu mar gheall ar rialuithe láimhe agus easpa uathoibrithe. Tá an t-ardriosca sin sainaitheanta ag an nGníomhaireacht agus tá rialuithe maolaitheacha curtha i bhfeidhm aici ar na réimsí sin. Tá coinne go réiteofar cuid de na saincheisteanna sin tríd an aistriú chuig réitigh níos digití faoin gcóras airgeadais nua IFMS, córas a mhair i mí Iúil 2023.

Saincheisteanna maidir le Meabhrán Tuisceana (MT) FSS: Aithnítear sa MT le FSS maidir le comhroinnt seirbhísí nár bunaíodh Tusla leis an mbonneagar corparáideach a bheadh ag teastáil chun na tacaíochtaí a sholáthar chun eagraíocht dá méid a rialú agus a riar go héifeachtach. Cé go bhfuil fás tagtha ar Tusla ó 2014, tá a bhonneagar lárnach le haghaidh seirbhísí Airgeadais, Soláthair, Acmhainní Daonna agus Eastáit fós ag brath go mór ar FSS. Tá laghdú beagnach iomlán tagtha ar an spleáchas ar bhonneagar TFC do sheirbhísí fós air trí thionscadal TuslaIRL a chur i bhfeidhm.

Córas Comhtháite Bainistíochta Airgeadais (IFMS): Chuir Tusla IFMS an FSS chun feidhme in 2023 i gcomhréir le straitéis na DPENDR. Chuir saincheisteanna cur chun feidhme moill ar sheachadadh gnéithe áirithe, lena n-áirítear tuairisciú, agus beidh tionchar aige sin ar an gcumas tuairiscithe go 2024. Chuir an Roinn Sláinte cistiú breise ar fáil le déanaí chun cur chun feidhme na céime seo a chur i gcrích, agus tá coinne go bhfeabhsóidh sé sin an cumas tuairiscithe le linn 2025.

Caveat Sonraí agus Toimhdí Eile: Tá an fhaisnéis airgeadais atá ina buntaca leis an bplean faoi réir na dteorainneacha sonracha a bhaineann le córais airgeadais FSS, atá faoi réir teorannú doiciméadaithe. Rinneadh gach iarracht laistigh den am agus de na hacmhainní atá ar fáil lena chinntiú go bhfuil na meastacháin a chuirtear ar fáil sa phlean chomh cruinn agus is féidir tráth a ullmhaithe. Mar sin féin, ní mór é a léamh sa chomhthéacs thuas, agus tugtar faoi deara gurb ionann lamháil earráide chomh beag le 0.5% agus c.€6m i dtéarmaí glanchaiteachais don Ghníomhaireacht.

Caiteachas Caipitil

Tá leithdháileadh caipitil 2025 beartaithe ar an gcéad dul síos chun gealltanais chonarthaacha atá ann cheana agus a rinneadh faoi Phleananna Caipitil roimhe seo a chomhlíonadh chomh maith le ceanglais sheirbhíse atá beartaithe don todhchaí.

Tosaíochtaí an Phlean Caipitil 2025

Pléadh tosaíochtaí an Phlean Caipitil 2025 i rith 2024 leis an DCEDIY, a aithníonn riachtanais shuntasacha cóiríochta Tusla, agus don ghá atá le leibhéil an-mhéadaithe ar chistiú caipitil sna blianta atá le teacht. Is de thoradh na bpléite sin an leithdháileadh caipitil méadaithe (méadú 64%) in 2025 agus is aitheantas é ar na brúnna agus easnaimh reatha i bportfólió maoine Tusla. Leis an méadú i gcistiú caipitil do 2025, agus do bhlianta ina dhiaidh sin, tá ar cumas Tusla tús a chur le pleanáil ilbhliantúil le haghaidh infheistithe caipitil don tréimhse 2025–2030. Tá méadú suntasach eile sainaitheanta ag an nGníomhaireacht i gcistiú caipitil ag teastáil le haghaidh 2027–2030, agus tá díospóireachta leis an DCEDIY faoi bhun maidir le leithdháileadh féideartha do na blianta sin.

I bPlean Straitéiseach Tusla um Chúram Cónaithe 2022–2025 aithníodh riachtanas i leith méadú suntasach in acmhainneacht na n-aonad cónaithe. Cuirfear feabhas ar an gclár reatha, trínar sheachadadh ionaid nua go dtí seo, le leithdháileadh caipitil níos mó in 2025 leis an bplean chun ocht n-ionad eile a oscailt, agus chun 10 n-ionad sa bhreis a cheannach agus tús a chur le hobair uasghrádaithe orthu. Cuirfear tús chomh maith le pleanáil do réitigh infheistithe caipitil atá ag teastáil i ndiaidh thorthaí an ghrúpa athbhreithnithe Cúraim Speisialta. Táthar ag súil go mbeidh infheistíocht chaipitil shuntasach i gceist leis sin sna blianta amach anseo.

Sainaithníodh leithdháileadh ar leith chun déileáil le riachtanais chóiríochta ár bhfoirne i suíomhanna ar fud na tíre. Beifear ag déileáil le roinnt dóibh siúd ó phróiseas soláthair le déanaí do chóiríocht ar léas, ach beidh réitigh chaipitil ag teastáil

chun an gearrdháileadh a chomhlíonadh. Cuirfear tús le pleanáil agus dearadh na dtionscadal ilbhliantúil sin in 2025.

Is samhail náisiúnta é Barnahus chun cásanna mí-úsáid leanaí a láimhseáil i mbealach íogair agus leanbh-lárnach. Tá sé molta go gclúdaítear an Stát ag na trí shuíomh agus tá siad á sheachadadh mar thionscadail comhchistithe le FSS. Bhí Barnahus Thiar i nGaillimh críochnaithe e déanaí agus tá sé ar intinn tús a chur le dearadh Barnahus Theas i gCorcaigh in 2025.

Tá cistiú leanúnach curtha ar fáil chomh maith do chlár ilbhliantúla, lena n-áirítear an Clár Mionchaipitil agus an Clár Bliantúil Athsholáthair Trealamh. Áirítear sa Chlár Mionchaipitil comhlíonadh reachtúil, riosca infreastruchtúir, agus oibreacha frithghníomhacha sócmhainní. Tá leithdháileadh ar leith curtha ar fáil chomh maith in 2025 d'oibreacha uasghrádaithe Sábháilteachta Dóiteáin agus Fuinnimh, chun déileáil le moltaí agus athbhreithnithe ó shuirbhé le déanaí ar an n-oibleagáidí maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheachta.

Tá sé ar intinn go gcuirfear i gcrích Straitéis Eastát do 2025–2027 nuashonraithe go luath in 2025, ina gcuirfear Treochlár ar fáil chun cumas a mhéadú inár seirbhísí cónaithe, ag seachadadh cóiríocht foirne chuí (ag teacht leis an gclár athchóirithe) agus ag comhlíonadh ár n-oibleagáidí reachtúla, lena n-áirítear gníomh ar son na haeráide.

Le Plean Caipitil 2025 leanfar den infheistíocht bhliantúil faoi TFC le tionscnaimh Bonneagair, Claochlaithe Digitigh, Bainistithe Sonraí agus Cibearshlándála. Tá plean infheistíochta TFC 2025 ag teacht go dlúth leis na cuspóirí faoi Chlár Athchóirithe Tusla. Anuas ar sin, déanfar infheistiú €2m i gclár athnuachana teicneolaíochta chun gléasanna níos sine nach mbeidh oiriúnach le húsáid go ceann deireadh 2025 a athchur.

Déantar achoimre ar na forbairtí caipitil atá beartaithe do 2025 i dTábla 8.

Tábla 8: Forbairtí caipitil 2025 atá beartaithe

Réimse	Mír	2025 €m
Eastáit	Mionchaipiteal agus Mionriosca Bonneagair	6.00
Eastáit	Naomh Seosamh, Luimneach, Céim 2	0.50
Eastáit	Trealmhú	0.40
Eastáit	Ceannach (10uimh.)/uasghrádú ar thithe Sheirbhísí Cónaithe do Leanaí (CRS) (8uimh.)	11.00
Eastáit	Athsholáthar flít	0.60
Eastáit	Uasghráduithe fuinnimh	0.40
Eastáit	Barnahus - Theas	0.35
Eastáit	Sábháilteacht Dóiteáin	0.25
Eastáit	Lóistín Foirne - Suíomhanna Réigiúnacha	2.10
Eastáit	Straitéis Eastát	0.15
Fo-iomlán Eastát		21.75
TFC	Bonneagar agus Néal	2.00
TFC	Claochlú Digiteach (Forbairt Aipe & Soláthar Aipe)	2.00
TFC	Bainistiú Sonraí agus Anailísíocht	1.00
TFC	Clár Athnuachana Teicneolaíochta	2.00
Fo-iomlán TFC		7.00
Móriomlán		28.75

Tosaíochtaí Airgeadais 2025

Beidh cur i bhfeidhm leanúnach agus mionchoigeartú fheidhmíochta feabhsaithe IFMS in 2025 ina phríomhspreagadh don phróiseas airgeadais agus d'fheabhsú na teicneolaíochta sna blianta amach romhainn.

Leanfaidh Airgeadas Tusla ag obair leis an gClár Athchóirithe Struchtúir in 2025 chun a chinntiú go ndéantar oiriúniú ar struchtúir agus próisis airgeadais chun ceanglais phróiseála agus thuairiscithe airgeadais a chomhlíonadh faoin eagraíocht athchóirithe Gníomhaireachta.

Is tosaíocht leanúnach é le haghaidh 2025 go n-oibreodh Airgeadas Tusla lenár gcomhghleacaithe TFC chun an úsáid is fearr a bhaint as an teicneolaíocht chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht na próiseála airgeadais laistigh den Ghníomhaireacht a fheabhsú. Is éard is príomhacmhainn na Stiúrthóireachta Airgeadais ná an fhoireann atá oile eolach, agus is orthu sin a bheidh an príomhfhócas fós in 2025 ó thaobh oiliúna agus forbairt phearsanta de.

Feabhsuithe ar Rialachas Airgeadais le haghaidh 2025

Leag an Ghníomhaireacht amach measúnú ar a Rialuithe Inmheánacha sa Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla le haghaidh 2023. Leagtar amach sa Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach na bearta atá an Ghníomhaireacht a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna rialaithe ar fud na Gníomhaireachta. Tharraing an tArdReachtaire agus an tArd-Iniúcháir (C&AG) aird ar Sholáthar Neamhchomhlíontach ina thuarascáil ar na Ráitis Airgeadais 2023. Leanfar den obair in 2025 chun feabhas a chur ar rialuithe sa réimse sin.

Tosaíochtaí Soláthair 2025

Is gníomhaíocht ard-riosca é soláthar poiblí don Ghníomhaireacht toisc nádúr casta na bpróiseas chun seirbhísí tacaíochta speisialta leanaí agus teaghlaigh a chur ar fáil nuair nach bhfuil aon chur chuige aonair amháin chun soláthair a dhéanamh do chonarthaí dá leithéid.

Leanann an Ghníomhaireacht lena próisis a fheabhsú chun tacú le comhlíonadh na rialachán soláthair mar a leagadh amach i Rialacháin na hÉireann 2016 (Treoir AE 2014/24) agus glactar leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus gach iarracht a dhéanamh an luach is fearr airgid a bhaint amach mar aon lena cinntiú go mbíonn polasaithe agus nósanna imeachta inmheánacha i gcomhréir le treoracha na Oifige um Sholáthar Rialtais nuair atáthar ag ceannach le hairgid cháiniocóirí. Tá feidhmiú leanúnach Plean Soláthair Chorporáidigh de dhíth ina leith sin a chlúdóidh an tréimhse 2025 go 2027. Beidh forbairtí príomhsheirbhíse san áireamh sa Phlean atá sainaitheanta ag lucht ardbhainistíochta. Glacfaidh tionscnaimh thacaíochta casta agus speisialaithe do leanaí agus do theaghlaigh roinnt bliain le comhlíonadh agus rachfar i ngleic le laigí aitheanta na Gníomhaireachta maidir le comhlíonadh soláthair, ar a aithníodh leis an ArdReachtaire agus an Ard-Iniúcháir agus ar a tuairiscíodh i dTuairisc Chiorclán 40/02 na Roinne Airgeadais (40/02) bhliantúil le haghaidh 2023.

Tá feabhsuithe déanta ar phróisis sholáthair ag an nGníomhaireacht le blianta anuas. Táthar ag súil go gcuirfidh Clár Athchóirithe na Gníomhaireachta lena cumas chun athruithe suntasacha a chomhlíonadh sa tírdhreach soláthair thar na 11 bliain ó bhunú na Gníomhaireachta agus OGP, agus ó fheidhmiú Threoir AE 2014/24.

Aguisín 3: Próifíl Foirne

Key Metrics Overview

WTE (Tusla & Agency) 5,503

Prior Year*	5231	Target	5658
Variance	5.0%	Variance	-2.8%

Absence Rate 7.7%

Prior Year*	7.5%	Target	5.0%
Variance	0.2%	Variance	2.7%

Retention Rate 93.1%

Prior Year*	91.5%	Target	95.0%
Variance	1.7%	Variance	-1.9%

Workforce Activity

StartersYTD	840
LeaversYTP	419

Avg Length of Service 11y

Employee Engagement Survey



Participation	62%
Satisfaction	54%

Trainings 4,350

Mandatory	4,350
HR	42


*same month of prior year

Annual WTE




Workforce Demographics

Length of service




Age Bands




Period 01/01/2024 - 31/12/2024

Absence Rate 12 Month Trend



Retention Rate 12 Month Trend



Aguisín 4: Gluais Téarmaí

ACIMS	Cigireacht Cúraim Mhalartaigh agus Seirbhís Monatóireachta
AEARS	An tSeirbhís um Oideachas Malartach agus Clárúchán
AGS	An Garda Síochána
BIT	Faisnéis Bhreithe agus Rianú
C&AG	An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
C&V	Pobail agus Deonacha
CEP	Tionscadal na nEispéireas Cúraim
CFSN	An Líonra Tacaíochta Leanaí & Teaghlaigh
CRS	Seirbhísí Cónaithe do Leanaí
CSR	An Rialachán maidir le Seirbhísí Leanaí
CSSCU	Aonad Comhlíontachta an Ráitis um Chosaint Leanaí
CYPSC	An Coiste um Sheirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga
DCEDIY	An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
DEIS	Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh
DPA	Measúnú Príobháideachais Sonraí
DPIA	Measúnú Tionchair ar Phróiseáil Sonraí

DPENDR	An Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta agus Athchóirithe an PFN
ELS	An Leibhéal Seirbhíse Reatha
EMT	Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin
CSE	Ciste Sóisialta na hEorpa
ECFE	An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta
AE	An tAontas Eorpach
EYI	Cigireacht na Luathbhlianta
SF	Saoráil Faisnéise
INSA	Líonra Idirnáisiúnta do Thinreamh Scoile
IPAS	Seirbhís Chóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta
IRPP	Clár na hÉireann um Chosaint Dídeanaithe
PTF	Príomhtháscaire Feidhmíochta
m	milliún
MT	Meabhrán Tuisceana
MP	Tosaíocht Aireachta
PFN	An Plean Forbartha Náisiúnta
NTRIS	An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Roma

OD	Forbairt Eagraíochtúil
ECFE	An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta
OGP	An Oifig um Sholáthar Rialtais
PAPS	Córais Dearbhaithe Cleachtais agus Feidhmíochta
PH	Lá Saoire Poiblí
PPFS	Cosc, Comhpháirtíocht agus Tacaíocht Teaghlaigh
PRD	Asbhaintí a Bhaineann le Pinsean
ÁSPC	Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa
Q&R	Cáilíocht agus Rialáil
QMS	Córas Bainistíochta Cáilíochta
SCP	Clár Críochnaithe Scolaíochta
SCSIP	Leanaí Scartha ar Iarraidh Cosaint Idirnáisiúnta
SEAnna	Socruithe Speisialta Éigeandála
IR	Ionstraimí Reachtúla
SOPanna	Buan-Nósanna Imeachta Oibríochta
FRC	Ionad Acmhainne Teaghlaigh
GAL	Caomhnóir ad Litem
HIQA	An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte
HSA	An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

FSS	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
IFMS	An Córas Comhtháite Bainistíochta Airgeadais
IGEES	Seirbhís Eacnamaíochta agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann
IHREC	Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
TCM	Bainistiú Cásanna Tusla
TESS	Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla
TRES	An Straitéis Oideachais do Phobal an Lucht Siúil agus na Romach
UAManna	Mionaoisigh Neamhthionlactha
VHA	Foréigean, Ciapadh agus Ionsaitheacht
WLD	Foghlaim agus Forbairt an Luchta Saothair
WRC	An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre
CL	Coibhéis Lánaimseartha

Nótaí



